



An Bhruiséil, 13 Nollaig 2022
(OR. en)

16000/22

CULT 131	GENDER 204
SUSTDEV 218	ELARG 109
DEVGEN 235	IND 556
RELEX 1731	MI 936
AUDIO 138	RECH 660
EDUC 423	DIGIT 240
SOC 690	ENV 1302
EMPL 469	CLIMA 674
JAI 1674	AGRI 713
JUSTCIV 169	POLMIL 310
JEUN 187	PROCIV 154
CONSOM 337	COPS 612

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	9 Nollaig 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón	COM(2022) 709 final
gCoim.:	
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le gné chultúrtha na forbartha inbhuanaithe i ngníomhaíochtaí an Aontais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 709 final.

Faoi iamh: COM(2022) 709 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.12.2022
COM(2022) 709 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN
gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA
AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

maidir le gné chultúrtha na forbartha inbhuanaithe i ngníomhaíochtaí an Aontais

Ábhar

1.	Comhthéacs.....	1
2.	An t-idirghníomhú idir beartais chultúrtha agus forbairt inbhuanaithe a neartú	2
3.	Cultúr agus na SDGanna i mbeartais agus i gcláir an Aontais.....	4
A.	Beartas cultúir	4
B.	An beartas réigiúnach agus uirbeach.....	10
C.	Gnóthaí baile agus an tslándáil inmheánach	13
D.	Fostaíocht, gnóthaí sóisialta agus cuimsiú	14
E.	Ceartas, cearta tomholtóirí agus comhionannas inscne	15
F.	An Bauhaus Eorpach Nua agus a ghné chothrománach maidir le hinbhuanaitheacht atá tiomanta ag an gcultúr	16
G.	Comhpháirtíocht idirnáisiúnta an Aontais agus beartas forbartha	18
H.	Beartas comharsanachta agus méadaithe	19
I.	Oideachas agus beartais don óige	20
J.	Margadh aonair agus beartais thionsclaíocha	22
K.	Taighde agus nuálaíocht.....	23
L.	An geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach.....	25
M.	Gníomhú ar son na haeráide agus beartas comhshaoil	26
N.	Comhbheartas Talmhaíochta.....	29
O.	An tionscal cosanta agus beartais spáis.....	30
P.	An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta	31
4.	Conclúidí: an bealach chun cinn	32

1. COMHTHÉACS

Tá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) idirnascatha le roinnt réimsí beartais. Tá an Coimisiún lán- tiomanta na gnéithe éagsúla d’fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach¹. Maidir le ról an chultúir, chuir an Coimisiún gné chultúrtha na forbartha inbhuanaithe i dtábhacht sa Chlár Oibre Eorpach Nua le haghaidh an Chultúir 2018² agus gheall sé úsáid a bhaint as chun Clár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe³ a chur chun feidhme.

Ina rún maidir le gné chultúrtha na forbartha inbhuanaithe⁴ mí na Nollag 2019, deimhnigh an Chomhairle gealltanás na mBallstát maidir le hinbhuanaitheacht chomh maith le cur chun feidhme go hiomlán agus go gasta Clár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030. Rinneadh leasú ar Phlean Oibre na Comhairle maidir le

¹ Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choiisiúin (2020), *Spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach – cur chuige cuimsitheach*.

² [COM/2018/267 final](#)

³ <https://www.un.org/sustainabledevelopment/development-agenda/>

⁴ IO C 410, 6 Nollaig 2019.

Cultúr 2019-2022⁵ i mí na Bealtaine 2020 chun ‘An cultúr mar rud a spreagann an forbairt inbhuanaithe’ a chur leis mar phointe tosaíochta breise. Faoin bpointe tosaíochta seo, déantar foráil sa phlean do dhá ghníomhaíocht chomhfhereagracha: (i) Modh Oscailte Comhordúcháin (MOC) a chruthú atá comhdhéanta de ghrúpa saineolaithe ó na Ballstáit a dhíríonn ar an ngné chultúrtha den forbairt inbhuanaithe a bunaíodh in 2021, a sholáthraigh a thuarascáil i mí Mheán Fómhair 2022⁶; agus (ii) cuireadh a thabhairt don Choimisiún plean ghníomhaíocha maidir leis an ngné chultúrtha den forbairt inbhuanaithe a chur i láthair.

Is tuarascáil í seo i bhfreagairt an Choimisiúin ar an gcuireadh. Tugtar tacaíocht leis sin do **chur chuige bheartas an Aontais ar an ngné chultúrtha den forbairt inbhuanaithe a chuireann le nasc níos láidre agus níos comhsheasmháí idir beartais chultúrtha agus cur chun feidhme SDGanna ar fud tionscnaimh an Aontais, clár agus gníomhaíochtaí agus ar fud earnálacha éagsúla.**

Soláthraítear forbhreathnú leis an tuarascáil ar bheartais agus ar chláir an Aontais lena neartaítear an t-idirghníomhú idir cultúr agus forbairt inbhuanaithe agus lena sainainítear gníomhaíochtaí a dhéanann an Coimisiún nó atá pleánalte le déanamh aige, chun cultúr a spreagadh mar spreagthóir nó cumasóir de Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030. Cuirtear san áireamh leis an tuarascáil tionscnaimh straitéiseacha trasnáí amhail misean de chuid Fís Eorpach ar aeráidneodrach agus cathracha cliste⁷ nó Bauhaus Eorpach Nua⁸ a théann trí roinnt réimsí beartais agus cláir.

Tá éileamh méadaithe ann chun cultúr a aithint go hiomlán agus go héifeachtach mar phríomhearnáil a chuireann leis na SDGanna agus le téarnamh inbhuanaithe na hEorpa i ndiaidh ghéarchéim COVID- 19. Deimhnítear le próiseas comhthreomhar ghrúpa MOC, ina bhfuil dlúthchomhar le EOECNA agus gníomhaíthe idirnáisiúnta⁹, an gá le comhar éifeachtach a mhéadú i measc údaráis agus córais náisiúnta, an Aontais agus de chuid NA.

Leis an díospóireacht agus leis na tortaí ó MONDIACULT 2022¹⁰ – comhdháil de chuid UNESCO ar bheartais chultúrtha agus forbairt inbhuanaithe a reáchtáladh i Meicsiceo ón 28-30 Meán Fómhair 2022 – spreagadh tuilleadh agus cuireadh le díospóireachtaí ar thodhchaí na SDGanna agus cruthaíodh tuilleadh móimintim le haghaidh machnaimh ar ról níos mó a thabhairt do chultúr i straitéisí forbartha inbhuanaithe. Leis an tuarascáil seo cuirtear leis an bpróiseas machnaimh agus cuirtear le huallmhianta na comhdhála Dearbhú le haghaidh Cultúir.

2. AN TIDIRGHNÍOMHÚ IDIR BEARTAIS CHULTÚRTHA AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE A NEARTÚ

Áirítear sainghné chultúrtha leis na gníomhaíochtaí straitéiseacha is tábhachtaí de chuid an Aontais chun SDGanna a bhaint amach, d'ainneoin an easpa tagairte sonrai don chultúr. Mar shampla, **beartais an- chlaochlaitheach an Aontais agus príomhstraitéisí amhail an Comhaontú Glas don Eoraip agus an cur chuige uileghabhálach chun an Eoraip a oiriúnú don ré dhigiteach, mar a chuirtear i láthair**

⁵ [Conclúidí ón gComhairle lena leasaítear an Plean Oibre don Chultúr \(2019-2022\)](#)

⁶ Tuarascáil MOC Amanna stoirmmeacha: An dúlra agus daoine – misneach cultúrtha don athrú:

<https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/0380f31c-37c9-11ed-9c68-01aa75ed71a1/language-en>

⁷ https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/eu-missions-horizon-europe/climate-neutral-and-smart-cities_en

⁸ Is tionscnamh cruthaitheach, rannpháirtíoch agus trasdisciplíneach é Bauhaus Eorpach Nua a nascann [an Comhaontú Glas don Eoraip](https://new-european-bauhaus.europa.eu/index_en) lenár spásanna cónaithe agus lenár dtaithí: https://new-european-bauhaus.europa.eu/index_en

⁹ Dearbháíodh 2021 Blíain Idirnáisiúnta an Gheilleagair Chruthaithigh don Fhorbairt Inbhuanaithe.

¹⁰ <https://www.unesco.org/en/mondiacult2022>

sa chairt thíos, tá siad ag brath go mór ar ranníocaíocht láidir ó earnálacha an chultúir agus na cruthaitheacha (CCS) agus ar a n-éagsúlacht ar leibhéal áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Is é is aidhm don tuarascáil seo an tuiscint sin a dhéanamh inláimhsithe.

Thairis sin, mar a cuireadh i dtábhacht leis na moltaí ó Ghrúpa MOC maidir leis an ngné chultúrtha den fhorbairt inbhuanaithe agus ó Ghrúpa MOC maidir le hathléimneacht na hoidhreachta cultúrtha ar athrú aeráide¹¹, **ba cheart úsáid a bhaint as an gcultúr agus as beartais chultúrtha ar bhealach níos córasaí chun aghaidh a thabhairt ar saincheisteanna móra an lae inniu a bhaineann leis an athrú aeráide** agus spriocanna an Chomhaontaithe Ghais don Eoraip. Mar shampla, cuirtear rannpháirtíocht saoránach, cuimsiú sóisialta agus nuálaíocht shóisialta chun cinn leis an sprioc maidir le haeráidneodracht, de chuid Fís Eorpach ar aeráidneodracht agus cathracha cliste.

Chuir na hidirphléití ullmhúcháin roimh MONDIACULT, a eagraíodh i gcúig réimse téamacha¹², go mór freisin chun tuiscint níos fearr a fháil ar **an sainghné trasnáí cultúrtha den fhorbairt inbhuanaithe agus ar an ngá le cur chuige straitéiseach ar an gcultúr agus ar an bhforbairt inbhuanaithe don todhchaí**. Athdhearbhaíonn an gealltanás seo i ndearbhú críochnaitheach de chuid MONDIACULT. Iarrtar ann tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun creatáí um beartas poiblí a neartú trí chultúr a dhaingniú níos lárnaí i straitéisí forbartha inbhuanaithe ar leibhéal domhanda ar fud na ngnéithe SDGanna ar fad **d'fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil**. Mar an gcéanna, rinne grúpa MOC meas ar an ngné chultúrtha de na trí ghné seo agus molann sé go láidir an téama uileghabhálach de **ghaolmhaireacht idir daoine agus an nádúr a athchothú le linn úsáid a bhaint as cumhacht an chultúir rud nach mbaintear dóthain úsáide as¹³**.

¹¹ Tuarascáil MOC *Athléimneacht na hoidhreachta cultúrtha a neartú ar mhaithe leis an athrú aeráide*:

<https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/4bfcf605-2741-11ed-8fa0-01aa75ed71a1/language-en>

¹² Infheistíocht a dhéanamh ar chultúr agus ar chruthaitheacht le haghaidh chruthú fostáiochta agus forbartha socheacnamaíche; An éagsúlacht chultúrtha a chaomhnú i dtimpeallacht dhigiteach agus stádas na n-ealaíontóirí a chur chun cinn; An éagsúlacht chultúrtha a choimircíú agus a chur chun cinn; oidhreacht maidir le cuimsiú sóisialta, idirphlé agus síocháin; Sineirgí idir an cultúr agus an t-oideachas a neartú le haghaidh forbairt agus inbhuanaitheacht atá daonlárnoch; Comhpháirtíocht réigiúnach agus domhanda le haghaidh cultúir agus forbairt inbhuanaithe.

¹³ De réir Eurostat, is ionann an luach cláraithe d'onnmhairí agus allmhairí earraí cultúrtha agus 1 % de luach iomlán onnmhairí (lasmuigh den Aontas) agus allmhairí an Aontais in earraí san iomlán. In 2020, b'ionann onnmhairí earraí cultúrtha lasmuigh den Aontas agus EUR 17.5 billiún, agus b'ionann allmhairí d'earraí den sórt sin chuig an Aontas agus EUR 16 billiún. Airítear le Staidreamh an Aontais ar ioncam agus dálaí maireachtála (EU-SILC) sonraí ar rannpháirtíocht sóisialta agus cultúir a bheidh ar fáil ón dara leath de 2023. Bhailigh Eurostat staitisticí a bhaineann le hearnáil an chultúir i roinnt thiomnaithe ar a suíomh gréasáin (forbhreathnú - Cultúr).

Forbhreathnú ar chur chuige an Choimisiúin maidir le SDGanna a chur chun feidhme¹⁴



3. CULTÚR AGUS NA SDGANNA I MBEARTAIS AGUS I GCLÁIR AN AONTAIS

Tá an ghné chultúrtha den fhorbairt inbhuanaithe á cur chun cinn faoi raon beartas agus clár de chuid an Aontais. Le haghaidh gach beartas de chuid an Aontais, déantar cur síos sa roinn seo ar an gcreat beartais ábhartha agus ar na príomhthosaíochtaí chomh maith leis na tionscnaimh nó na gníomhaíochtaí straitéisearcha. Is é is aidhm tacaíocht a thabhairt d'athruithe ar an tsochaí agus éifeachtaí na n-aistrithe chuig geilleagar glas agus digiteach a mhaolú.

A. Beartas cultúir

Creat beartais agus príomhthosaíochtaí

Rannchuidíonn gníomhaíochtaí de chuid an Aontais i réimse an chultúir go díreach le gach gné de na SDGanna i gcomhréir le treoraíocht straitéisearch de phríomhdhoiciméid an chreata:

- an Clár Oibre Eorpach Nua le haghaidh an Chultúir;
- an Creat Gníomhaíochta Eorpach maidir leis an Oidhreacht Chultúrtha¹⁵;
- na cláir oibre ilbhliantúla le haghaidh cultúir nó, le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha, teachtaireacht chomhpháirteach 2016 *I dtreo straitéis de chuid an Aontais Eorpaigh i leith caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta*¹⁶ agus Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh i leith caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus i leith creat do gníomhaíocht¹⁷ ó 2019.

Díríonn gníomhaíocht beartais agus comhar de chuid an Aontais sa réimse seo ar leas a bhaint as cumhacht an chultúir agus na héagsúlachta cultúrtha le haghaidh comhtháthú sóisialta agus folláine trí:

¹⁴ Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin (2020), *Spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach – cur chuige cuimsitheach*.

¹⁵ Creat Gníomhaíochta Eorpach maidir leis an Oidhreacht Chultúrtha: <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/5a9c3144-80f1-11e9-9f05-01aa75ed71a1>

¹⁶ JOIN/2016/029 final: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=JOIN%3A2016%3A29%3AFIN>

¹⁷ IO 2019/C 192/04

- rannpháirtíocht cultúrtha, soghluaisteacht ealaíontóirí agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha a chur chun cinn;
- bhorradh a chur faoi phoist agus fás in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheacha trí na healaíona agus cultúr san oideachas, scileanna agus an nuálaíocht sa chultúr a chur chun cinn;
- chaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta a neartú trí chultúr chun forbairt inbhuanaithe agus an síocháin a chur chun cinn.

Cuirtear i dtábhacht freisin le doiciméid treoracha an Aontais maidir le beartas cultúir an gá le luach intreach an chultúir agus léirithe ealaíne a chaomhnú agus a chur chun cinn. Is féidir creat straitéiseach le haghaidh comhar an Aontais agus ceapadh beartas maidir le cultúir a fheabhsú fós, áfach, (mar a luitear i dtuarascáil an Choimisiún ar an bPlean Oibre don Chultúr 2019-2022¹⁸) agus an ghné chultúrtha den fhorbairt inbhuanaithe a chur i dtábhacht.

Ar thaobh an mhaoinithe de, **an clár Eoraip na Cruthaitheachta**¹⁹ 2021-2027, an t-aon chlár de chuid an Aontais a dhírionn ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheacha, tacaionn sé le gealltanás an Aontais i dtreo SDGanna na NA, go háirithe maidir lena ngné chultúrtha, faoi thrí snáithe an chláir. Le hEoraip na Cruthaitheachta, infheistítear i ngníomhaíochtaí a atreisíonn an éagsúlacht chultúrtha agus tugtar freagra leis ar riachtanais earnálacha an chultúir agus na cruthaitheacha. **Glasú agus cuimsitheacht, is tosaíochtaí cothrománacha den chlár ar fad iad**, agus tá machnamh leanúnach ar siúl maidir le tuilleadh glasaithe a dhéanamh i gclár Eoraip na Cruthaitheachta. Cuidíonn Eoraip na Cruthaitheachta an Comhaontú Glas a dhéanamh inláimhsithe trí tacáiocht a thabhairt do thionscadail cultúrtha a dhírionn ar an inbhuanaitheacht agus ar ghnéithe comhshaoil go straitéiseach agus sa ECC.

Cumhdaítear le *snáithe cultúrtha* an chláir tionscadail ECC amhail iad siúd a chuireann chun cinn comhar trasteoíann, ardáin, lónraí agus aistriúcháin liteartha. Áirítear leis sin sásraí a áirthíonn go gcuirtear an éagsúlacht, an chuimsitheacht agus an comhionannas ar fáil do chách agus go ngníomhaítear ar son na haeráide le ECC. Cuimsítear le glaonna faoin gclár 2021-2027 a thacaíonn le lónraí Eorpacha agus le tionscadail an chomhair, tosaíocht shonrach ar **rannchuidíú na dtionscadal i leith an chláir oibre inbhuanaitheachta**. Réitigh an clár roimhe sin (2014-2020) an bealach chun an gnáthphobal agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn faoin *snáithe cultúrtha*²⁰. Thacaigh sé le líon mór tionscadal ar chomhionannas inscne, inbhuanaitheacht agus digitiú²¹. Chuidigh na tionscadail sin an tionchar comhshaoil atá ag gníomhaíochtaí na n-earnálacha a mhaolú, comhshaoil uirbeach agus tuaithe atá inbhuanaithe a chur chun cinn, fiseanna nua don todhchaí a fhorbairt agus feasacht a ardú. Tugann siad aghaidh ar shaincheisteanna domhanda ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach lena n-áirítear i measc nithe eile: sláinte agus dea- bhail²², comhionannas inscne²³, múnlá maidir le táirgeadh agus tomhaltas (bia)²⁴,

¹⁸ [COM/2022/317 final](#)

¹⁹ [Eoraip na Cruthaitheachta](#)

²⁰ Tá go leor samplaí maithe de ghníomhaíochtaí atá thíos ar an inbhuanaitheacht arna gcistíú faoi Eoraip na Cruthaitheachta. Mar shampla, d'fhorbair an lónra Culture Action Europe 'Cultúr i gCathracha Inbhuanaithe. An clár 'Ag foghlaim le clár Gníomhaíochtaí Culture 21', i gcompháirtíocht leis an eagraíocht idirnáisiúnta United Cities and Local Governments. Is é is aidhm don chlár seo deiseanna a thabhairt do chathracha a bheith rannpháirtíochtaí i bpróiseas foghlama ionas gur féidir leo beartais chultúrtha a mheas, a dhearadh agus chur i bhfeidhm a chuireann leis an bhforbairt inbhuanaithe áitiúil.

²¹ Chun tuilleadh sonraí a fháil féach an bróisíú atá ar fáil ag: <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/aebc62b7-8fa5-11ec-8c40-01aa75ed71a1/language-en>

²² Ba é ab aidhm don tionscadal 'Birth cultures', mar shampla, eolas agus nósanna traidisiúnta a bhaineann leis an mbreith agus leis an máithreachas a chaomhnú agus a tharchur mar chuid d'oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe na hEorpa. Léirigh sé an chaoi gur féidir le héifeacht ghiarála a bheith ag rannpháirtíochtaí saoránach i saincheisteanna a bhaineann le sláinte phoiblí.

Truailíu uisce²⁵, tithíocht atá inbhuanaithe²⁶, chomh maith le neamh- chomhionannas idir limistéir uirbeacha agus thuaithe a laghdú²⁷.

I snáithe cultúrtha an chláir reatha, cuireadh cur chuige earnálach nua leis chun **inbhuanaitheacht earnálacha sonracha a neartú** (an oidhreacht chultúrtha, an ailtireacht, an ceol, earnáil na leabhar, an dearadh, an faisean agus an turasóireacht chultúrtha) agus chun cuidiú leo a bheith níos glaise, níos athléimní agus níos ionchuimsíthí. Tacaíonn an tsnáithe seo le tionscnamh de chuid **Príomhchathracha Cultúr na hEorpa**, arb é is aidhm dó éagsúlacht na gcultúr san Eoraip a chur chun cinn, na heilimintí i gcoiteann atá eatarthu a chur i dtábhacht agus an chaoi go gcuireann an cultúr le forbairt fadtéarmach de chathracha a léiriú. Cuireann cathracha, a bhfuil an teideal sin acu, a tionscadal lena straitéis fhiorimlán agus níos minice anois tá sé de nós ag cathracha tosca inbhuanaithe mar chuid dá n-iarrachtaí, amhail cleachtais chultúrtha níos glaise a chur chun cinn.

Ar an taobh seachtrach, tugann an **tArdán Caidrimh Cultúrtha** tacaíocht do chomhar idir earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta Eorpacha agus domhanda trí inniúlachtaí thoscaireachtaí an Aontais ar fud an domhain (SDG 17 Comphpháirtíocht le haghaidh na spriocanna) chun dul i mbun plé le hoibreoirí cultúrtha agus aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin tríd an gcultúr (SDG 8 Obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch agus SDG 11 Cathracha agus pobail inbhuanaithe). Eagraíonn an t-ardán clár um Chaidrimh Chultúrtha Dhomhanda bliantúla, rud a thugann le chéile 40 ceannaire cultúrtha óga as gach cearn den domhan (SDG 10 Neamh- chomhionannas laghdaithe agus SDG 5 Comhionannas Inscne).

I réimse na **Meán agus Closamhaire** 2021-2027, tugadh isteach le clár Eoraip na Cruthaitheachta dhá thosaíocht chothrománacha: an tionscal closamhaire agus an éagsúlacht agus an cuimsiú le haghaidh an tionscal closamhaire a ghlású. Tugadh isteach an glasú agus an éagsúlacht sa ghlaobh ar thograí de na scéimeanna ar fad faoin snáithe *MEDIA* Eoraip na Cruthaitheachta. Ní mór do hiarratasóirí straitéis a chur i láthair faoi na cleachtais um ghlaibh a dhéanann siad agus straitéis chun an éagsúlacht agus an cuimsiú a chur chun cinn ina gníomhaíochtaí. Déantar meastóireacht ar na straitéisí seo mar chuid de na critéir dhámhachtana. Leis na tionscadail a roghnaíodh faoi na cláir oibre 2021 agus 2022, cuireadh táscairí ar fáil maidir leis an gcaoi a bhfuil comhlachtaí agus eagraíochtaí closamhaire ag láimhseáil na dtosaíochtaí

²³ Oibríonn go leor tionscadail chistithe, amhail ‘Keychange’, i dtreo athstruchtúrú a dhéanamh ar earnáil an chultúir chun comhionannas inscne, pá comhionann, coinniollacha oibre comhionanna agus infheictheacht le haghaidh gairmithe baineannacha san earnáil a bhaint amach.

²⁴ I dTionscadail amhail ‘Creative food Cycles’, ‘The Table and the territory’ agus ‘The Mediterranean garden’ rinneadh fiosrú agus tástáil ar mhúnla nua i leith táirgeadh bia, dáileadh bia agus tomhaltas bia, ag déanamh iniúchadh ar roghanna malartacha maidir leis an gnáthshlabhra táirgeachta um bhia. Ar an dóigh sin, ardaítear feasacht ar chailliúint na bithéagsúlachta.

²⁵ Ba é ab aidhm don tionscadal ‘Universal Sea – Pure or plastic’ na deiseanna maidir le healaíon agus fiontraíocht teacht le chéile a léiriú agus réitigh chruthaitheacha ar fhadhb an phlaistigh sna farraigí agus sna haigéin a chur chun cinn.

²⁶ Oibríonn lónra Chomhairle Ailtíri na hEorpa i dtreo tithíocht atá inacmhainne agus d’ardchaighdeán a bhaint amach ar leibhéal na hEorpa. A bhui lena hinniúlacht stocaireacht a dhéanamh, raon geografach agus obair bheartais leathan, cuidtear leis an lónra leas an phobail agus cáilíocht saoil a chur chun cinn agus cuirtear leis daoine agus an nádúr i gcroílár forbairtí tithiochta agus uirbeacha ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal náisiúnta.

²⁷ In Smoties – *Creative works with small and remote places* [Smoties – Saothair chruthaitheacha le háiteanna beaga agus iarghúlta], baintear úsáid as modheolaíochtaí atá bunaithe ar an smaointeoireacht deartha chun áiteanna Eorpacha iargúlta a athrú ó bhonn ina spásanna a bhfuil sé níos éasca maireachtáil iontu trí ról a thabhairt d’áitritheoirí áitiúla i bhforbairt na gníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheachta. Neartaíonn *Cultures for resilience* [Cultúr ar son na hathléimneachta] gníomhaíochtaí réimse leathan gníomhairí (saoránaigh, údaráis riarracháin, comhlachais áitiúla) a oibríonn ar shaincheisteanna maidir leis an athléimneacht chomhshaoil agus uirbeach.

beartais seo. Is fiú a lua, i measc na dtionscadal a roghnaíodh, ‘TheGreenShot’, an chéad réiteach digiteach ag a bhfuil comhéadan fior- ama do choimisiúin scannáin chun nascadh leis na léirithe atá ag obair ina réigiún nó cathair agus an Chairt Ghlas d’Fhéilte, lenar tacáiodh i gcomhthéacs an glao ar líonra féile 2022 agus lenar cuireadh túis leis an líonra féile ‘Moving Images Open Border’. Is ionstraim í an Chairt lena ndéantar lorg CO2 féilte a ríomh, agus is é is cuspóir leis feasacht a mhúscailt ar thaobh amháin agus spriocanna coiteanna a ligean síos le haghaidh inbhuanaitheachta.

Thairis sin, tacaíonn *clár na straithe trasearnálacha* le comhar beartais trasnáisiúnta agus cuireann sé leis an **tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua** a chur chun feidhme chun an ghné ghlás den chlár a chur chun cinn.

Cuirfidh treoirthionscadal nua de chuid Pharlaimint na hEorpa maidir le **Mol Oidhreachta Eorpach** freisin leis an aistriú glas agus leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide agus dígrádaithe comhshaoil²⁸.

Gníomhaíocht straitéiseach nó príomhshamplaí

- Obair faoi stiúir an Choimisiúin ar stádas agus **dálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe cultúir agus cruthaitheacha** (Staidéar de chuid an Aontais, Guthanna an Chultúir idirphlé & tuarascáil, an tuarascáil agus na moltaí atá le teacht in 2023 ó shainghrúpa an Bhallstáit MOC) arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna idir stádas na n-ealaíontóirí, cothromas agus tacaíocht phoiblí, chomh maith leis an gcomhshaoil rialála agus slándáil shóisialta, agus topaici amhail forbairt scileanna agus saoirse an léirithe ealaíonta.
- Bearta faoin **athrú aeráide agus faoin oidhreacht chultúrtha**. D'eagraigh an Coimisiún obair sainghrúpa Ballstát maidir le [hAthléimneacht na hOidhreachta Cultúrtha a Neartú i ndáil leis an Athrú Aeráide](#). Eisíodh tuarascáil an grúpa i Mí Mheán Fómhair 2022. Aithnítear leis an tuarascáil dea- cleachtais agus bearta nuálacha chun oidhreacht chultúrtha a chosaint, atá inláimhsithe agus doláimhsithe, i ndáil leis an athrú aeráide. Áirítear leis sin moltaí ar an méid is féidir leis an oidhreacht chultúrtha a dhéanamh chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus a chomhrac i gcomhréir le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais. Sheol an Coimisiún **staidéar ar ghlású cláir Eoraip na Cruthaitheachta**. Is é is aidhm dó scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi is féidir bearta comhshaoil, inbhuanaithe agus comhréireacha a thabhairt isteach sa chlár chun cur lena rannchuidiú maidir le gníomhú ar son na haeráide agus bithéagsúlachta cothrománacha.
- Gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar **éifeachtaí an chlaochlainthe dhigitigh ar an éagsúlacht chultúrtha agus ealaíonta**, is é sin, samhlacha gnó, caidreamh le lucht féachana / éisteachta agus an t-athrú ar mhodhanna bunsmaoinimh, táirgthe agus tomhaltais. Ag deireadh 2021, thosaigh an Coimisiún ag obair le saineolaí chun féachaint ar an bhféidearthacht maidir le treoirínte deonacha i ndáil le sonraí faoi **lucht féachana digiteacha** a bhailíú agus a bhainistiú, agus béim speisialta é leagan ar thaibhealaón agus ar oidhreacht chultúrtha. Sa tuarascáil '(Re)-Engaging digital audiences – Improving Audience Data' ó mhí an Mheithimh 2022²⁹ breithnítear na ceachtanna a foghlaimíodh ó na cleachtais a bhaineann COVID- 19. Ina theannta sin, i gcomhthéacs an tSainghrúpa um Oidhreacht Chultúrtha³⁰, rinneadh plé ar **dhigitiú agus oidhreacht chultúrtha**, ag díriú ar an bhfoghlaí dhigiteach ó COVID- 19. Chuaigh sé i ggleic leis an taithí um fhothú acmhainneachta

²⁸ Áirítear an tosaíocht a leanas i seoladh an glao ar thograí faoin treoirthionscadal: cur leis an aistriú glas agus leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide agus dígrádaithe comhshaoil: <https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/opportunities/topic-details/pppa-cult-2022-euheritagehub;callCode=null;freeTextSearchKeyword=;matchWholeText=true;typeCodes=1>

²⁹ <https://voicesofculture.eu/2022/06/02/brainstorming-report-re-engaging-digital-audiences-challenges-and-opportunities/>

³⁰ [Sainghrúpa i dtaca leis an oidhreacht chultúrtha | An Chultúr agus an Chruthaitheacht \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/info/sainghrúpa-i-dtaca-leis-an-oidhreacht-chultúrtha-an-chultúr-agus-an-chruthaitheacht_en)

chun taispeántais, cláir oideachais agus déantán a bhogadh ar líne, agus an deacracht maidir le turise chultúrtha ar líne teacht ar lucht féachana.

- Is sampla eile é tionscnamh an Choimisiúin **Bain ceol as an Eoraip** (MME) a thacaíonn leis na gnéithe sóisialta agus eacnamaíocha den fhurbairt inbhuanaithe. Tá sé d'aidhm ag MME na sócmhainní is fearr in earnáil an cheoil a neartú: an chruthaitheacht, an éagsúlacht agus an iomaiochas. Is iad na cuspóirí sonracha atá ag an tionscnamh, an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a chur chun cinn, éagsúlacht cheol na hEorpa a chosaint agus a leathnú, cuidiú leis an earnáil dul in oiriúint don digitú agus tacú lena hinbhuaineacht, go háirithe i ndiaidh ghéarchéim COVID- 19. Faoi MME, bhí an Coimisiún ag obair i dtreo cur chuige lánpháirtithe a chumhdaíonn maoiniú spriodhírithe an Aontais (faoi Eoraip na Cruthaitheachta agus níos faide i gcéin), tacaíocht beartais, reachtaíocht agus idirphlé ar riachtanas agus dúshlán earnáil cheol na hEorpa. Dhírig roinnt glaonna le déanaí ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht. Ó 2023 amach, cuirfidh MME dáileadh inbhuanaithe an cheoil chun cinn.
- Airítear le samplaí earnáil- shonracha eile an tionscnamh **Sustainable Theatres Alliance for Green Environmental Shift (STAGES – Sustainable Theatre Alliance)** [Comhghuaillíocht na nAmharclann Inbhuanaithe ar son Aistriú Glas Comhshaoil (STAGES – Comhghuaillíocht na nAmharclann Inbhuanaithe) agus **European Theatre Convention Network** [Lónra Coinbhinsiúin Amharclann Eorpach], arb é is aidhm dóibh tionchar struchtúrach a bheith acu ar an earnáil agus a slabhra luacha a ghlású.
- **Scéim saincheaptha d'ealaíontóirí agus gairmithe chun a soghluaiasteacht thrasteoínn a éascú – An Cultúr - An Eoraip á Bogadh Chun Cinn**³¹. Scéim ina mbroinntar deontais shoghluaiasteachta do thionscadal daoine aonair atá dírithe ar chomhar idirnáisiúnta, forbairt ghairmiúil, comhtháirgeadh agus comhchruthú, ina spreagtar ealaíontóirí agus cruthaitheoirí smaoineamh ar thionchar comhshaoil a soghluaiasteachta agus modhanna iompair atá níos inbhuanaithe a roghnú. Is féidir le cónaitheacht ealaíonta laistigh den scéim tionscadail a chur chun feidhme i gcomhréir le luachanna den Bauhaus Eorpach Nua.
- Seoladh an uirlis **Perform Europe** in 2021 chun tacú leis an dáileadh nuálach, ionchuimsitheach agus inbhuanaithe, agus le múnláí camchuartaíochta in earnáil na dtaibhealaíon.
- **Comhionannas inscne** sa chultúr³²; chistigh an Coimisiún staidéar ar bhearnaí inscne in earnálacha an chultúr agus na cruthaitheachta a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2020³³. Chuir meitheal Bhallstát MOC a thuarascáil chríochnaitheach ar chomhionannais inscne in earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha ar fáil, lena n-áirítear roinnt moltaí do dhéantóirí beartas, institiúidí oideachais agus cultúir i mí an Mheithimh 2021³⁴. Tháinig ionadaithe ó earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha le chéile faoin idirphlé struchtúrtha de chuid Ghuthanna an Chultúir chun idirphlé a dhéanamh ar chothromaíocht inscne in earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha, agus d'fhoilsigh siad a dtuarascáil

³¹ <https://culture.ec.europa.eu/creative-europe/creative-europe-culture-strand/culture-moves-europe-mobility-for-artists-and-professionals#:~:text=Culture%20Moves%20Europe%20is%20a%20scheme%20that%20supports,It%20is%20part%20of%20Creative%20Europe%20%99s%20Culture%20strand>

³² Tacaíonn an Coimisiún le comhionannas inscne i gcultúr trí Eoraip na Cruthaitheachta (mar shampla, an tionscadal ‘Keychange’ agus An clár meantóireachta ‘MEWEM’). Ina theannta sin, éilítear sa chlár nua d’Eoraip na Cruthaitheachta 2021-2027 ar thionscadail chistithe cuimsitheacht agus neamh- idirdhealú a réiteach go leordhóthanach, agus béim ar leith á leagan ar an gcothromas inscne.

³³ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/92d621d1-bb99-11ec-b6f4-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-266388294>

³⁴ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/36e9028b-c73b-11eb-a925-01aa75ed71a1/language-en>

i mí Feabhra 2020³⁵. Ina theannta sin, glacadh le Conclúidí Uachtaráinachta maidir le comhionannas inscne i réimse an chultúir³⁶ i mí na Nollag 2020.

- Is saincheisteanna tábhachtacha iad na gníomhaíochtaí i réimse **an chultúir agus na folláine** ag teacht chun cinn, go háirithe i ndiaidh ghéarchéim COVID- 19. Tá réamhbheart ó Pharlaimint na hEorpa dar teideal *Bottom-up policy development for culture and well-being in the EU* [Forbairt beartais ón mbun aníos don chultúr agus don fholláine san Aontas] á chur chun feidhme ag an gCoimisiún. Dírionn an tionscadal, atá á chur chun feidhme ag cuibhreannas de chomhpháirtithe Eorpacha le 1.5 bliain anuas, ar thaighde ar an ábhar seo a thabhairt cothrom le dáta, na cleachtais reatha is ábhartha a mhapáil, inniúlacht na ngníomháiri áitiúla a mhéadú chun leas éifeachtúil a bhaint as an gcultúr chun an tsláinte agus an fholláine a mhéadú, agus béim ar leith á leagan ar an meabhairshláinte. Tá staidéar a rinne ESPON le déanaí ann ar an oidhreacht chultúrtha mar fhoinsé d'fholláine na sochaí i réigiún na hEorpa³⁷. Is é is cuspóir foriomlán don ghníomhaíocht seo modheolaíocht uile- Eorpach agus anailís chríochach ar thionchair oidhreachta cultúrtha ar an tsochaí a fhorbairt, ag cur san áireamh gnéithe amhail an fholláine agus cuimsíú soisialta. **Oidhreacht chultúrtha mar phríomh- shócmhainn chun bac a chur ar ghéarchéimeanna agus síocháin a chothú** (SDG 16 Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre). Aithnítear go forleathan scríosadh d'aon ghnó na hoidhreachta cultúrtha mar tháscaire féidearthára nó réamhtheachtaí maidir le foreigean na sluaite, mar go mbaintear úsáid as chun stair agus déantáin atá lárnaigh i gcultúr agus féiniúlacht de ghrúpa daoine a dhíothú. Nuair a déantar é go córasach agus ar scála mór, sainmhínítear an scríosadh d'aon ghnó ar an oidhreacht chultúrtha mar choir chogaidh de réir Reacht na Róimhe den Chúirt Choiiriúil Idirnáisiúnta. Bhí ról lárnaigh ag an scríosadh oidhreachta cultúrtha sna coinbhleachtaí leanúnacha sa tSíria, san Iaráic agus i Mailí. I measc na samplaí tá na hionsaithe a rinne grúpaí Ioslamaíocha ar na scrínte agus na másailéim de Timbuktu in 2012 i réigiún an tuaiscirt i Mailí. Leis na conclúidí ón gComhairle maidir le **cur chuige an Aontais i dtaobh oidhreachta cultúrtha i coinbhleachtaí agus géarchéimeanna agus maidir le coincheap tiomanta an Aontais**, tugtar creat oibríochtaí agus polaitíuil atá soiléir maidir le cur chuige ón Aontas i ndáil le hoidhreacht chultúrtha le haghaidh na síochána atá níos comhleanúnaí agus níos feiceálaí (SDG 16, SDG 8 Obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch, SDG 11 Cathracha agus pobail inbhuanaithe). Go coincréiteach, geallann an tAontas do chur chuige atá coinbhleacht- íogair, ionchuimsitheach, cothrom agus neamh- idirdhealaitheach. Maidir leis an staid reatha sa Úcráin, tacaíonn an Coimisiún le caomhnú oidhreachta cultúrtha na hÚcráine trí threalamh cosanta éigeandála a sholáthar agus trí thacú leis an doiciméadú digiteach d'oidhreacht chultúrtha na hÚcráine. Tacaíonn an Coimisiún freisin le healaíontóirí agus gairmhithe cultúrtha san Úcráine. Mar shampla, i mí Mheán Fómhair 2022, mar chuid d'Eoraip na Cruthaitheachta, sheol an Coimisiún glao chun tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí lasmuigh dá dtír, d'eagraíochtaí cultúrtha san Úcráin, agus chun ullmhú i gcomhar gnóthú earnáil chultúir na hÚcráine tar éis an chogaidh sa mheántearma.
- Tá réamhgníomhaíocht **Spásanna Cultúrtha na hEorpa** (2019-2023), arna chur chun feidhme ag Institiúidí Náisiúnta an Aontais Eorpaigh don Chultúr (EUNIC), ag déanamh scrúdú ar mhúnlai nuálacha comhair i gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta (SDG 17 Comhpháirtíocht le haghaidh na spriocanna, SDG 10 Neamh- chomhionannas laghdaithe) trí chomhpháirtíochtaí comhionanna a bhunú idir comhpháirtíochtaí Eorpacha (baill EUNIC agus Toscaireachtaí an Aontais) agus áitiúla i dtíortha lasmuigh den Aontas Eorpach maidir le topaí tábhachtacha i gcoiteann. Nascann na tionscadail seo caidrimh cultúrtha leis an bhforbairt inbhuanaithe, mar shampla trí abhcóideacht a dhéanamh ar ghníomhú ar son na haeráide sa Bhrasáil agus sa Mhongóil (SDG 13 Gníomhú ar son haeráide), trí thacú le hearnálacha áitiúla an chultúir atá ag athshlánú ó iarmhairtí na pandéime sa Tansáin agus i gCamarún (SDG 8 Obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch), ag feabhsú rochtana ar an

³⁵ <https://voicesofculture.eu/2019/05/14/gender-balance-in-the-cultural-and-creative-sectors/>

³⁶ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-13097-2020-INIT/en/pdf>

³⁷ <https://www.espon.eu/HERIWELL>

gcultúr le haghaidh pobal faoi mhíchumas sa tSín agus in Uragua (SDG 10 Neamh- chomhionannas laghdaithe) agus claochlú digiteach a nuashonrú i Meicsiceo.

Gníomhaiochtaí atá ar na bacáin:

- Tionsnamh féideartha **de chuid an Choimisiúin ar chreat straitéiseach an Aontais don chultúr** (mar thoradh ar chuireadh na Comhairle i bPlean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026³⁸);
- **Staidéar de chuid an Aontais maidir le clár Eoraip na Cruthaitheachta a ghasú**, le foilsíodh in 2023;
- **Tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn maidir le Coincheap ar oidhreacht chultúrtha a chur chun feidhme i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna**: Compháirt don tsíocháin agus don tslándáil i ngníomhaiocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh agus sna Conclúidí tiomnaithe ón gComhairle;
- Beidh an tAontas mar aoi oinigh ag **Aonach Leabhar Idirnáisiúnta Guadalajara, 25 Samhain go dtí 3 Nollaig 2023**, ina mbeidh cultúr agus forbairt inbhuanaithe mar phríomhthréama.
- Treorú maidir le forbairt scileanna do ghairmithe closamhairs chun léirithe glasa a mheasúnú agus a leagan amach. Is colún den lónra Europa Cinemas é glasú, rud a thabharfaidh tacaíocht do thionscadail nuálacha i measc lónrai beaga de phictiúrlanna chun an inbhuanaitheacht a chur chun cinn in earnáil an taispeántais.

B. An beartas réigiúnach agus uirbeach

Creat beartais agus príomhthosaiochtaí

Go traidisiúnta, d'aithin beartas comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, go háirthe trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), **infheistíochtaí cultúrtha mar phríomhspreagthaithe forbairt chríochach agus comhtháthú sóisialta**. Neartaíonn oidhreacht chultúrtha shaibhir na hEorpa féiniúlacht na hEorpa, trí chomh- luachanna Eorpacha, saoránacht ghníomhach, cuimsiú agus idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn. Tá earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ina sócmhainní ríthábhachtacha d'iomaíochas eacnamaíoch agus mealltacht réigiún freisin, agus tá an oidhreacht chultúrtha ina príomhghné d'iomhá agus féiniúlacht cathracha agus réigiún agus is minic a dhírionn turasóireacht uirbeach orthu.

Ceadaítear le beartas comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh do Bhallstáit agus d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla cultúr a úsáid mar uirlis d'fhorbairt chríochach, eacnamaíoch agus shóisialta, cuimsiú agus nuálaíocht, i gcás ina bhfuil pobail agus críocha in ann leas a bhaint as sócmhainní cultúrtha ingleiniúla intíre chun fás a mhéadú agus neamh- chomhionannas a laghdú san am céanna. Tá tacaíocht CFRE don chultúr agus d'oidhreacht chultúrtha bunaithe ar an smaoineamh maidir le cur chuige áitbhunaithe agus comhtháite, a thacaíonn le forbairt uirbeach agus chríochach, leis an gcuimsiú sóisialta agus a spreagann an phobal a bheith rannpháirteach.

³⁸ Rún ón gComhairle maidir leis an bPlean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026, 29 Samhain 2022; st15381-en22.pdf.europa.eu

Le haghaidh 2021-2027, **díreoidh beartas comhtháthaithe ar inbhuanaitheacht agus ar fheabhsú digiteach maidir le taithí oidhreachta cultúrtha**. Áirítear ann athrú agus athléimneacht na todhchaí d'earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha, chomh maith le hoidhreacht chultúrtha a chur chun cinn ag na caighdeáin is airde chun cuimsiú sóisialta, inbhuanaitheacht agus rannpháirtíocht saoránaigh a lámpháirtíú trí chultúr. Is féidir le tionscail agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheacha tairbhe a bhaint d'infheistíochtaí faoi chúig chuspóir an bheartais comhtháthaithe – lena n-áirítear tríd an sainchuspóir CFRE nua³⁹ atá tiomanta do ról an chultúir a neartú in aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shocheacnamaíocha nó mar chuid de straitéisí críochacha comhtháite faoi chuspóir beartais 5 ‘Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh’ –laistigh de na cláir faoi spriocanna an cholún ‘Infheistíocht le haghaidh fáis agus post’ agus ‘Comhar Críochach Eorpach (Interreg)’. Ina theannta sin, is féidir tacáiocht a thabhairt do chultúr faoi chuspóir sonrach Interreg, go háirithe ‘Comhar rialachais níos fearr’. **Go minic, bíonn comhar trasteoíránn maidir le hoidhreacht chultúrtha agus nádúrtha tairbheach ós rud é go dtéann go leor suíomhanna oidhreachta nádúrtha thar teorainn.** Foráiltear le comhobair a dhéanamh thar teorainneacha cur chuige comhtháite agus inbhuanaithe maidir le bealaí oilithreachtaí mar shampla, nó conairí inbhuanaithe a théann trí shuíomhanna oidhreachta nádúrtha agus go leor eile.

Gníomhaíochtaí straitéiseacha agus príomhshamplai

Laistigh den chreat seo, áirítear faoi raon feidhme tacáiochta **Chistiú an Bheartais Comhtháthaithe do ghné chultúrtha na forbartha inbhuanaithe na gníomhaíochtaí a leanas:**

- Bearta ina ndírítear ar earnáil an chultúir a fheabhsaíonn ról an chultúir agus na turasóireachta inbhuanaithe san fhorbairt eacnamaíoch, sa chuimsiú sóisialta agus sa nuálaíocht shóisialta, ag tabhairt san áireamh an gá atá le cloachlú digiteach agus glas, athléimneacht, inbhuanaitheacht fhadtéarmach, chomhshaoil, shóisialta agus airgeadais earnálacha an chultúir agus na turasóireachta.
- Bearta maidir le nuálaíocht agus an glacadh le teicneolaíochtaí nua don chultúr; tacú le fás agus iomaíochas FBManna in earnáil an chultúir; seirbhísí digiteacha nua a fhorbairt, a mheas agus a phíolótú, táirgí agus réitigh (e.g. le haghaidh digitíú oidhreachta cultúrtha), nó forbairt scileanna maidir le speisialú cliste (i gcás ina bhfuil an cultúr roghnaithe mar earnáil laistigh den straitéis um speisialú cliste den réigiún nó den Bhallstát).
- Bearta chun tacú leis an éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh inathnuaithe, bainistíocht dramhaíola, geilleagar ciorclach, bonneagar glas agus oriúntú don athrú aeráide chun lorg comhshaoil agus aeráide na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheacha agus na suíomhanna oidhreachta a laghdú i gcomhréir le creatáí straitéiseacha ábhartha.
- Tacú le bonneagar iompair inbhuanaithe, rud a chuireann leis an turasóireacht inbhuanaithe agus le rochtain ar an gcultúr mar chuid de phleananna iompair ábhartha.
- Bearta a chuireann an cultúr chun cinn trí straitéisí forbartha críochacha agus uirbeacha faoi fhreagracht na n-údarás críochach agus le rannchuidíú ó gheall sealbhóirí agus pobail áitiúla. Le haghaidh cathracha agus limistéir uirbeacha fheidhmiúla, tá 8 % den chistiúchán curtha in áirithe don fhorbairt uirbeamh inbhuanaithe, i gcás ina bhfuil an cultúr ina phríomhspreagthóir.
- An roghnú de 20 thogra tionscadail a gheobhaidh cúnamh agus saineolas chun tionscadail Bauhaus Eorpach Nua atá áitbhunaithe agus spreagúil a fhabhrú. Cumhdaítear leis na tionscadail a roghnaíodh téamaí éagsúla amhail: foirgnimh/spásanna poiblí a athghiniúint i spiorad na ciorcláiochta, oidhreacht

³⁹ Mar ghné nua sa tréimhse 2021-2027, thug Beartas Comhtháthaithe isteach sainchuspóir CFRE a dhíríonn ar ról an chultúir agus na turasóireachta inbhuanaithe a mhéadú san fhorbairt eacnamaíoch, sa chuimsiú sóisialta agus sa nuálaíocht shóisialta faoi Chuspóir Beartais 4 ‘Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí’, a thairgeann réimse leathan tacáiocht gan tionchar ar bith ar fhéidearthachtaí cistiúcháin faoi chuspóirí eile ó Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpáigh.

chultúrtha leasaithe agus athraithe, réitigh tithíochta atá inacmhainne agus athghiniúint comhtháite de spásanna uirbeacha agus thuaithe⁴⁰.

- Sé ghníomhaíocht nuálacha i réimse an chultúir agus na hoidhreachta cultúrtha a roghnaíodh mar chuid den 5ú glao ar ghníomhaíochtaí uirbeacha nuálacha⁴¹.
- An Tionscnamh Uirbeamh Eorpach – an chéad ghlao de chuid Gníomhaíochtaí Uirbeamh Nuálacha a dhíríonn ar an Bauhaus Eorpach Nua, lena n-áirítear oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus a athrú.
- Treoirthionscadal maidir le cultúr i réigiún is forimeallaí (OR)⁴² an Aontais a choimircíú agus a chur chun cinn, chomh maith leis na tíortha agus críocha thar lear: Is é is aidhm dó oidhreacht chultúrtha shaibhir de chuid na réigiún agus na gcríoch seo a chur chun cinn trí chomhdhálacha, malartuithe, imeachtaí agus taispeántais chun saothair ealaíne a scaipeadh agus chun tacú le malartuithe cultúrtha trí shoghluaiseacht na ngairmithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.
- Faoi obair idir- rialtasach an **Chláir Oibre Uirbeamh don Aontas Eorpach**, baineann ceann de na 14 chomhpháirtíocht le **cultúr agus oidhreacht chultúrtha**. Is é is aidhm don Chompháirtíocht ar Chultúr agus Oidhreacht chultúrtha feabhas a chur ar bhainistíocht na timpeallachta tóghtha stairiúla de chathracha Eorpacha, cultúr a chur chun cinn, agus cailíocht na dtírdhreach uirbeamh agus oidhreachta a chaomhnú.
- Díreoidh comhpháirtíocht nua de Chlár Oibre Uirbeamh don Aontas Eorpach ar ábhar na **turasóireachta inbhuanaithe**.
- Seachas an tacaíocht cistiúcháin atá ar fáil faoi ghnáth- chláir agus faoi chláir um chomhar, aithnítear cultúr agus forbairt inbhuanaithe freisin i **straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais**. Straitéis an **Aontais Eorpaigh do réigiún na Danóibe**; **Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt**; **Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na nAlp**; **Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach**. Tá na gníomhaíochtaí agus na spriocanna seo ar fad tábhachtach ó bheartais réigiúnacha ghinearálta agus foriomlán an Aontais ar chultúr agus forbairt inbhuanaithe ós rud é go geruthaítear leo nascanna agus sineirígí idir cláir agus tionscnaimh, chomh maith le nascanna idir páirtithe leasmhara ó thíortha an Aontais agus thíortha comhpháirtíochta/tíortha nach Ballstáit den Aontas iad.
- **Is tosaíocht í comhtháthú Bauhaus Eorpach Nua i gcláir comhtháthaithe na mBallstát** le linn na hidirbheartaíochta maidir le cláreagrú 2021-2027. Tá an tionscnamh á mheas mar **chuspóir sna comhaontuithe comhpháirtíochta straitéiseacha agus i gcláir oibriúcháin ábhartha gach Ballstáit**.

Gníomhaíochtaí atá ar na bacáin:

- Glao an **Tionscnaimh Uirbigh Eorpaigh – Gníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeamh ar Bauhaus Eorpach Nua** a sheoladh i bhfómhar 2022;
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt don chultúr agus don oidhreacht chultúrtha i gcláir an **Chomhair Chríochaigh Eorpaigh (Interreg)** agus straitéisí macrairéigiúnacha;

⁴⁰ Tionscnaimh áitiúla Bauhaus Eorpach Nua: https://c.ramboll.com/local-support-new-european-bauhaus?utm_source=direct-email&utm_medium=email&utm_campaign=nebop .

⁴¹ <https://uia-initiative.eu/en/theme/culture-and-cultural-heritage>

⁴² De réir an Aontais Eorpaigh tá naoi réigiún is forimeallaí ann, ina bhfuil cónaí ar 4.8 milliún saoránach: Na hAsóir agus Maidéara (an Phortaingéil), Guadalúip, Guán na Fraince, Martinique, Mayotte, na hOileáin Chanáirachá (an Spáinn) agus La Réunion agus Saint Martin (an Fhrainc). I gcomhréir le hAirteagal 349 de CFAE, cuidíonn forálacha sonracha i reachtaíocht an Aontais leis na réigiún aghaidh a thabhairt ar na mórdhúshláin atá acu mar gheall ar a n-iargúltacht, a n-oileánachais agus cé chomh beag is atá siad.

- An chompháirtíocht nua den Chlár Oibre Eorpach don Aontas Eorpach a sheoladh, ag díriú ar an turasóireacht.

C. Gnótháí baile agus an tslándáil inmheánach

Príomhthosaíochtaí agus gníomhaíochtaí straitéiseacha

Is gnó mór idirnáisiúnta í gadaíocht agus creachadóireacht suíomhanna oidhreachta cultúrtha agus gáinneáil nithe cultúrtha, agus is foinse luachmhar ioncaim é don choireacht eagraithe, agus do sceimhlitheoirí agus páirtithe coinbhleachta uaireanta freisin. Bíonn earraí cultúrtha an- íogair ó thaobh gáinneála de i réigiún ina bhfuil coinbhleacht nó géarchéim, amhail an Úcráin agus an Meánoirthear. De bharr na ngníomhaíochtaí seo, féadfar na míreanna a ghoidtear nó a chreachtar a scriosadh ina n-iomláine nó féadfar iad a pháirtsriosadh, chomh maith le suíomhanna oidhreachta cultúrtha, foirgnimh reiligiúnacha, suíomhanna seandálaíochta etc. Tá an- luach ó thaobh fhéiniúlacht an daonra áitiúil ag baint leo, toisc go gcaomhnaítear leo cuimhní staire, cultúrtha agus sóisialta, agus é lonnaithe go minic sa suíomh bunaidh inar cruthaíodh é. Mar gheall ar an oidhreacht chultúrtha chosanta, cuirtear leis an bpróiseas forbartha trí dheiseanna a chruthú le haghaidh oideachais agus post, spás don idirphlé idir grúpaí éagsúla sóisialta, agus ardaítear guth na bpobal imeallaithe agus an muintearas atá acu.

Dá réir sin, nuair a scriostar oidhreacht chultúrtha féadann sé damáiste suntasach a dhéanamh do chuimhne comhchoiteann sochaí, ach féadann sé freisin cur isteach ar fhoinse ioncaim pobail, mar shampla i gcás ina scriostar díol suntais do thurasóirí (suíomhanna oidhreachta cultúrtha, músaeim, etc.).

I gcomhréir le Straitéis 2020 an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála agus Straitéis an Aontais chun dul i ngleic le Coireacht Eagraithe 2021-2025, tá plean gníomhaíochta á fhorbairt ag an gCoimisiún faoi láthair chun dul i ngleic le gáinneáil ar earraí cultúrtha. Is é is aidhm dó sin dul i ngleic leis an ngáinneáil ar earraí cultúrtha agus chun earraí cultúrtha a chosaint ar scriosadh trí dhíobháil choiriúil. Agus an méid sin ar fad san áireamh, rachaidh an plean gníomhaíochta i ngleic le gnéithe éagsúla den chomhrac in aghaidh gáinneáil ar earraí cultúrtha, lena n-áirítear forbairt inniúlachtaí údarás forsheidhmithe dlí agus ceartais chun cásanna gáinneála a bhrath agus a phionósú ar bhealach níos fearr, inrianaitheacht earraí cultúrtha a fheabhsú, cosaint earraí cultúrtha ar gháinneáil agus ar chreachadóireacht a fheabhsú, agus comhair le tríú tíortha a ndéantar go leor creachadóireachta, agus aird faoi leith á tabhairt ar thíortha i staideanna coinbhleachta agus géarchéime. Áirítear i ngnéithe eile ardú feasachta maidir leis an ngá le hearraí cultúrtha a chosaint agus an díobháil is féidir leis an ngáinneáil ar earraí cultúrtha a dhéanamh don oidhreacht chultúrtha.

Gníomhaíochtaí atá ar na bacáin:

- Spriocanna sóisialta agus breislúach eacnamaíoch a threisiú trí choireacht agus trádáil aindleathach a chomhrac agus meon úinéireacht i bpobail chultúrtha a éascú.
- **Plean Gníomhaíochta maidir le dul i ngleic leis an trádáil aindleathach in earraí cultúrtha a ghlacadh in 2022** chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe éagsúla den chomhrac in aghaidh na gáinneála ar earraí cultúrtha agus cosaint na n-earraí cultúrtha ar dhíobháil choireach.

D. Fostaíocht, gnóthaí sóisialta agus cuimsiú

Tosaíochtaí beartais agus gníomhaíochtaí straitéiseacha

Ceann de na príomh- chreat- thionscainimh is ea an **Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas**⁴³. Is é is aidhm dó tuilleadh dul chun cinn a bhaint amach maidir le rannpháirtíocht iomlán daoine faoi mhíchumas a áirithíú, lena n-áirítear i réimse an chultúir. Stiúrfaidh sé gníomhaíocht na mBallstát chomh maith le hinstiúidí an Aontais. Is cumasóir na gceart agus réamhriachtas le haghaidh rannpháirtíochta iomláine daoine faoi mhíchumas ar bhonn cothrom le daoine eile í an inrochtaineacht. I gcomhréir leis an straitéis, **sprioc ábhartha don chultúr is ea diriú ar inrochtaineacht imeachtaí cultúrtha agus táirgí cultúrtha agus saothair ealaíne daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn.** Is é is aidhm don straitéis dul chun cinn a dhéanamh i réimsí uile Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas⁴⁴, a bhfuil an tAontas agus Ballstáit uile an Aontais ina bpáirtithe ann. Is ionstraim maidir le cearta an duine atá ceangailteach ó thaobh dlí de é seo, ceann lena socraítear foschaighdeáin do chearta an duine faoi mhíchumas.

Tá creat bunaithe ag an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise. Soláthrófar leis sin freisin ionchur don Seimeastar Eorpach, do Scórchlár Sóisialta an Aontais agus do chur chun feidhme SDGanna. Faoi 2023, forbrófar táscairí nua míchumais, lena dtacófar leis na táscairí don Scórchlár Sóisialta, don Seimeastar Eorpach agus do SDGanna.

Mar chuid den straitéis, cuireann an Coimisiún infheictheacht saothar ealaíne daoine faoi mhíchumas chun cinn agus cuireann sé le hinfeictheacht na saothar sin. Chomh maith leis sin, déanann sé tréaníarracht an oidhreacht chultúrtha agus na gníomhaíochtaí cultúrtha uile a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas le tacaíocht ó chistiú an Aontais amhail an clár Eoraip na Cruthaitheachta. Chomh maith leis sin, rinne an Coimisiún an méid a leanas:

- thacaigh sé le staidéar⁴⁵ mar chuid den tionscadal ar scála mór **Europe Beyond Access**⁴⁶ [an Eoraip Lastall den Inrochtaineacht], lena bhféachfar ar an eolas (agus ar an easpa eolais) i measc bainisteoirí cultúrtha príomhshruithaithe maidir le a) saothar ealaíontóirí faoi mhíchumas, b) conas na cláir a dhéanamh inrochtana do na healaíontóirí sin, agus c) conas na cláir a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas;
- cuireann sé chun cinn an turasóireacht inrochtana a fhorbairt le cathracha go príomha tríd an duais, Príomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste.

Is é is aidhm don straitéis a áirithíú gur féidir le daoine atá faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa saol cultúrtha ar bhonn cothrom le daoine eile, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Iarrann an Coimisiún ar Bhallstáit **an cultúr agus gníomhaíocht chruthaitheach chomh maith leis na healaíona do dhaoine faoi mhíchumas** a chur chun cinn, a spreagadh agus feasacht a ardú. Fágfaidh sé seo go mbeidh siad infheicthe le taispeántais agus taibhithe, agus déanfar níos mó taibhithe, félte agus bailiúchán ealaíne agus músaem inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Cuireadh an Cárta Míchumais Eorpach i bhfeidhm mar thionscadal píolótach in 2016-2018 in ocht mBallstát (an Bheilg, an Chipir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Iodáil, Málta, an Rómáin agus an tSlóivéin) agus cé go bhfuil críoch leis anois, tá an Cárta i bhfeidhm go fóill agus aithnítear é sna hocht

⁴³ [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021–2030 – Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú – an Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#)

⁴⁴ <https://www.un.org/development/desa/disabilities/convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities.html>

⁴⁵ [Time to Act: How lack of knowledge in the cultural sector creates barriers for disabled artists and audiences – Disability Arts International](#)

⁴⁶ [Europe Beyond Access – Disability Arts International](#)

dtí sin. Shainaithin **an staidéar lenar ndearnadh measúnú ar chur chun feidhme na gníomhaíochta píolótaí maidir leis an gCártá Míchumais Eorpach agus na tairbhí gaolmhara**⁴⁷ an fhéidearthacht le haghaidh gníomhaíochta ar scála níos mó agus fuarthas fianaise go raibh méadú beag ar rannpháirtíocht chultúrtha, áineasa, spóirt agus turasóireacht thar lear mar thoradh air. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an Cártá Míchumais Eorpach a uas- scálú.

Thairis sin, i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Eorpaigh um Scileanna, cuireadh compháirtíocht nua chun scileanna i dtionscail chultúrtha agus chruthaitheacha ar bun in 2022.

Gníomhaíochtaí atá ar na bacáin:

- Feachtas leanúnach ón gCoimisiún⁴⁸ **Together for Rights** [Cearta le Chéile] (go dtí Mártá 2023) chun feasacht a ardú maidir le príomhghnéisithe na straitéise, lena n-áirítear cultúr, agus a fhobraithe i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas agus na heagraíochtaí ionadaíocha chomh maith le healaíontóirí.
- Togra ón gCoimisiún, faoi dheireadh 2023, chun an Cártá Míchumais Eorpach a leathnú agus é beartaithe go n-aithneofar é sna Ballstáit uile, ag tógáil ar thaithí an tionscadail phíolótaigh reatha de chuid an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an chárta páirceála Eorpach do dhaoine atá faoi mhíchumas.
- Tuilleadh forbartha agus cur chun cinn compháirtíochtaí earnála laistigh den Chomhshocrú um Scileanna faoi Bhliain Eorpach na Scileanna 2023.

E. Ceartas, cearta tomholtóirí agus comhionannas inscne

Creatbheartais, príomhthosaíochtaí agus bearta reatha

Ghlac an Coimisiún **Creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach** in 2020. Leagtar amach leis cur chuige cuimsitheach ina bhfuil trí cholún, ceann a chomhlánaíonn cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch le cur chun cinn comhionannais agus neartú rannpháirtíochta.

Áirítear leis an gcreat sin cuspóirí ar leibhéal an Aontais agus ceann- spriocanna cainníochtúla maidir le frith- Romach sa tsochaí agus idirdhealú a throid, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a laghdú, rannpháirtíocht a chur chun cinn agus rochtain éifeachtach chothrom ag Romaigh ar oideachas, fostaithe, sláinte, tithíocht. Áirítear le réimse an chultúir, cuspóir oibriúcháin chun **feasacht maidir le stair, cultúr, aitheantas agus athmhuintearas na Romach**. D’fhéadfadh táscairí don chuspóir a bheith nasctha le **feasacht i measc an phobail i gcoitinne maidir le stair, litríocht, ealaíon, cultúr, ceol agus polaitíocht na Romach**, le rannpháirtíochta an phobail i gcoitinne i bhfélte cultúrtha na Romach agus teagmhais phoiblí eile, eolas maidir leis an Romainis, agus feasacht maidir le hUileloscadh na Romach.

Deimhnigh Ballstáit a ngealltanais maidir le comhionannas agus cuimsiú na Romach a chur chun cinn sa Mholadh ón gComhairle le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach a ghlaicadh d'aon toil. Leagtar amach le bearta sonracha do na Ballstáit le cur lena **gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir le Romaigh**. Áirítear leis na bearta seo feasacht maidir le stair agus cultúr na Romach a chur chun cinn i measc múinteoirí agus an fhoireann scoile, rannpháirtíocht na Romach ar bhealach sóisialta, eacnamaíoch, polaitiúil, cultúrtha agus sibhialta a chur chun cinn, agus feasacht maidir le

⁴⁷ <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=en&pubId=8407&furtherPubs=yes>

⁴⁸ <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1556>

cultúir, teanga agus stair na Romach a chur chun cinn sa tsochaí, lena n-áirítear ag cuimhneamh ar Uileloscadh na Romach.

Cuireann an Coimisiún **scéalta dearfacha agus eiseamláirí Romach** chun cinn agus tá sé ag ardú feasacht ó thaobh stair agus cultúr na Romach de, lena n-áirítear teagmhás chun feasacht a ardú maidir le teanga na Romainise mar chuid de Sheachtain na Romach an Aontais 2022 atá óstáilte ag Parlaimint na hEorpa. Tacaíonn sé freisin leis na gníomhaíochtaí ábhartha faoin gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna⁴⁹.

Ar bhealach níos leithne, tá gníomhaíochtaí leanúnacha ar siúl faoi láthair chun **plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaithe maidir le frithchiníochas** a chur chun feidhme agus i réimse an **idirphlé idirchreidmhigh**, go háirithe trí straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú.

Gníomhaíochtaí atá ar na bacán:

- Ballstáit chun a **gcreatáí straitéiseacha náisiúnta maidir le Romaigh** a chur chun feidhme faoi 2030, lena n-áirítear bearta chun feasacht maidir le healaíon, stair agus cultúr na Romach a chur chun cinn;
- An Coimisiún chun a **mheasúnú ar na creatáí straitéiseacha náisiúnta** a fhoilsíú i bhfómhar 2022, machnamh a dhéanamh ar na gealltanais a rinne na Ballstáit agus treoraíocht sholáthar maidir le haon fheabhsú is gá;
- Leanfar de thacú **le gníomhaíochtaí maidir le feasacht i ndáil le stair agus cultúr na Romach a ardú, agus firinne agus athmhuintearas a chur chun cinn** faoin gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna;
- Leanfar de thacú **le gníomhaíochtaí maidir le feasacht i ndáil le hoidhreacht agus saol na nGiúdach i bhfianaise cuimhneamh ar an Uileloscadh** faoin gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna.

F. An Bauhaus Eorpach Nua agus a ghné chothrománach maidir le hinbhuanaitheacht atá tiomanta ag an gcultúr

Le blianta beaga anuas, tháinig an gá maidir le haghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin an athraithe aeráide i dteannta le héifeachtaí phaindéim an choróinvíris chun cinn. Tábhacht shistéamach an chultúir agus na hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheacha chun freagairt d'éifeachtaí suaiteacha an aistrithe ghais agus an aistrithe dhigitigh mar a deimhníodh orduithe dhearfacha maidir le cloachlú inbhuanaitheachta na sochaí.

Is tionscnamh idirdhisciplíneach é **Bauhaus Eorpach Nua** (NEB) arb é is aidhm dó an t-aistriú glas a sholáthair trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda trí réitigh atá nuálach agus áitbhunaithe. Leis sin, tugtar le chéile na luachanna d' inbhuanaitheacht, cuimsiú agus aeistéitic. Cumhdaítear leis na trí ghné sin go dtugtar aghaidh ar réimse gnéithe leis na réitigh atá beartaithe ag an am céanna. Cumhdaítear leis sin ní hamháin gnéithe maidir leis an gcomhshaol, inacmhainneacht agus inrochtaineacht, ach cumhdaítear leis sin freisin riachtanais agus mianta a théann níos faide ná feidhmiúlacht chun cáiliúcht an eispéiris a áirithíú do chách. Tá acmhainneacht nuálach an tionscnaimh sna cuir chuige il- leibhéal, rannpháirteacha agus trasdisciplíneacha a bhfuil gá iad a leabú i bpróisis chomhchruthaithe agus próisis chur chun feidhme. Téann sé seo i ngleic le go leor réimsí beartais, disciplíní agus gníomhaithe chun

⁴⁹ [Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna | An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](http://Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna | An Coimisiún Eorpach (europa.eu))

bealaí nua a fhorbairt i gcomhpháirt chun oibriú i dtreo gach gné de shaol na saoránach a athrú ó bhonn: aiteanna ar an talamh, táirgí, seirbhísí, éiceachórais, meoin agus iompraíochtaí. Cuireann an teachtaireacht ar an NEB⁵⁰ i dtábhacht ról bunúsach an chultúir chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin inbhuanaitheachta agus chun tacú le claochlú dearfach na sochaí. Tá ról ríthábhachtach ag ealaíontóirí agus gníomhaithé cultúrtha san athrú paraidíme i dtreo iompraíochta agus luachanna nua.

Luaitear sa teachtaireacht freisin an rún creat NEB cumasúcháin a chruthú leis na SDGanna agus le beartais agus tionscnaimh ábhartha AE. Beagnach 2 bhliain tar éis é a sheolta, rinneadh an tionscnamh a chomhtháthú ar fud bheartais agus chlárí an Aontais (Fís Eorpach, LIFE, CFRE, an Eoraip Dhigiteach, Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus Clár an Mhargaidh Aonair).

Tugann an tionscnamh le chéile pobal éagsúil, bríomhar atá ag fás i gcónaí de níos mó ná 500 comhpháirtí agus ranníocóir ó eagraíochtaí líonra, eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla (ENRanna), gnólachtaí agus údarás phoiblí. Mar cheann de na príomhionstraimí a bhunaigh an Bauhaus Eorpach Nua, réitíonn an Saotharlann NEB an bealach trí dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh múnlaí comhoibrithe nuálacha. Oibríonn an pobal NEB le chéile chun urlísí, creatáí agus coinniollacha cumasúcháin a chruthú don aistriú glas chun claochlú inláimhsithe agus réitigh nuálacha a spreagadh ar an talamh. Ó bhí Aibreán 2022 ann, tá ocht ngníomh tosaithe cheana féin sa Saotharlann NEB, agus sheol an pobal NEB féin trí cheann acu.

Gníomhaíochtaí straitéiseacha agus príomhshamplaí

I measc an raon gníomhaíochtaí NEB a chuidíonn le SDGanna a bhaint amach, is fiú na nithe seo a leanas a chur i dtábhacht:

- Roghnaíodh sé thionscadal faoin nglao le haghaidh ‘taispeántóirí tithe solais’ a fhorbairt chun déileáil le hábhair amhail athchóiriú foirgneamh, ciornaíocht, ealaíona, oidhreacht chultúrtha, oideachas, cathracha cliste, athghiniúint uirbeach agus tuaithe agus go leor eile. De réir mar a scaiptear iad ar fud na hEorpa, soláthróidh na tionscadail raon torthaí is féidir a oiriúnú agus a mhacasmhlú i ngníomhaíochtaí comhchosúla san Eoraip agus níos faide i gcéin, chun cuidiú le spreagadh a thabhairt do thionscadail amach anseo.
- Is spás fiorúil é an Saotharlann NEB ina dtagann an pobal NEB le chéile chun tionscadail choincreíteacha agus inláimhsithe a mholadh. Tá dhá chuspóir ag tionscadail de chuid Shaotharlann NEB: a) coinniollacha cumasúcháin a chruthú don trasdul glas; b) claochlú inláimhsithe a spreagadh ar an talamh. Leanann Saotharlann NEB clár oibre atá á stiúradh ag an gCoimisiún, atá le feiceáil faoi láthair i gcúig thionscadal faoi stiúir an Choimisiúin⁵¹. Déanann sé óstáil freisin ar thionscnaimh faoi stiúir an phobail agus tá sé ag tacú faoi láthair leis an gcéad bhaisc de thionscadail nuálacha ón bpobal NEB, ag díriú ar athruithe coincreíteacha in aiteanna sonracha.

Gníomhaíochtaí atá ar na bacáin:

- Tacaíocht bhereise a thabhairt don tionscnamh NEB trí **chlár chistiúcháin an Aontais a shlógadh**;
- Tionscnaimh ó bhun aníos a spreagadh **ón bpobal NEB**, lena n-áirítear tríd an tSaotharlann NEB;
- Idirphlé agus comhar a fhorbairt de réir a chéile le tíortha neamh- AE trí **choincheap an NEB a roinnt agus a thriail lasmuigh de Aontas**.

⁵⁰ [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua](#)

⁵¹ Is iad na tionscadail atá faoi stiúir an Choimisiúin: Straitéis maidir le lipéadú; Clár píolótach le haghaidh comhchistithe le daonchairdeas; Sluachistiú agus maoiniú poiblí; Anailís agus turgnamh rialála; Claochlú Aiteanna Foghlama.

G. Comhpháirtíocht idirnáisiúnta an Aontais agus beartas forbartha

Creat beartais agus príomhthosaíochtaí

Treoraíonn an Teachtaireacht Chomhpháirteach *I dtreo straitéise an Aontais um chaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta* obair an Choimisiúin i réimse na gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta. Sainaithníonn sé trí phríomhréimse gníomhaíochta:

- an t-idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidmheach a chur chun cinn chun an t-iolrachas cultúrtha agus an chomhthuiscint, meas ar an éagsúlacht, ar an gcomhionannas agus ar chearta an duine a fheabhsú;
- tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a thairgeann deiseanna le haghaidh fáis eacnamaíoch agus deiseanna fostáiochta;
- comhar oidhreachta cultúrtha a éascú a thugann pobail agus daoine le chéile, a neartaíonn a bhféiniúlacht agus a thacaíonn le turasóireacht inbhuanaithe.

Tá an Coimisiún ag obair go gníomhach ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí a bhfuil tionchar láidir acu ar ghné eacnamaíoch na forbartha.

Gníomhaíochtaí straitéiseacha agus príomhshamplaí

I measc na bpriomhshamplaí tá:

- **Tacú le táscairí UNESCO 2030**

Cuireann an tionscadal gníomhaíochtaí píolótacha i gerích chun creat táscairí téamacha a shainmhíniú agus a fhorbairt, táscairí Cultúir UNESCO|2030. Is é is aidhm leo ról agus rannchuidiú an chultúir maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe a thomhas agus faireachán a dhéanamh air.

Tá stáiltear agus feabhsaítear sa tionscadal na táscairí téamacha a úsaídfidh tíortha agus cathracha ar mian leo an méid a chuireann an cultúr le forbairt inbhuanaithe a chur i dtábhacht ina dtuarascálacha náisiúnta deonacha agus ina n-athbhreithnithe deonacha áitiúla. Roinnfeartorthaí an tionscadail i bhfóraim idirnáisiúnta chun a áirithíú go nglacfaidh na geallsealbhóirí go léir leo go forleathan.

I measc na dtionscnamh leanúnach eile tá:

- **An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI)** – tacaíonn sé le tionscnaimh chultúr agus forbartha inbhuanaithe do chomhpháirtithe lasmuigh den Aontas Eorpach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda;
- **Tacaíonn Clár Cultúir ACC- AE** le healáointóirí agus le saothair ealaíne ó thíortha de chuid Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin;
- **Tionscnamh Maoinithe Nuálach don Chultúr** – tacaíonn sé le tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú agus inniúlachtaí fiontraíochta a fheabhsú;
- **Conairí Oidhreachta Bhóthar an tSíoda san Afganastáin, san Áise Láir agus san Iaráin – An Ghné Idirnáisiúnta Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha**, comhar comhpháirteach a sheol an tAontas Eorpach agus UNESCO i mí Dheireadh Fómhair 2018, chun rannchuidiú an chultúir leis an bhforbairt inbhuanaithe a neartú, trí fhorbairt turasóireachta oidhreacht-bhunaithe le haghaidh eispéiris ardcháilíochta cuairteoirí feadh Chonairí Oidhreachta Bhóthar an tSíoda sna tíortha is tairbhithe;
- **Procultura – ag cur fostáiochta agus giniúint ioncaim chun cinn i bhfo- earnálacha cultúrtha an Cheoil, na dtaibhealaíón** agus litríocht na leanaí/na hóige agus na

foilsitheoirreachta i dtíortha san Afraic ina labhraítear an Phortaingéilis (tíortha PALOP) agus i dTíomór Thoir;

- **Tógáil Féiniúlachta agus an Tionscnamh Gnó a Roinnt** – dul i ngleic le roinnt de bhunchúiseanna na leocheileachta agus na himirce neamhrialta trí earnálacha tárgiúla a rannchuidíonn le tógáil féiniúlachta a neartú – amhail earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta – agus trí aghaidh a thabhairt ar shlabhraí luacha na margáí stíle maireachtála agus trí tháirge a gcruthaitheachta a roinnt trí rochtain ar mhargaí nua;
- **Tacaíonn CreatiFI** le tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta chun rochtain a fháil ar mhaoiniú, trí ráthaíochtaí agus iasachtaí, agus trí fhorbairt acmhainní d'ideálachálaíthe airgeadais sna tíortha ó Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin;
- **An tSaoráid Saineolaithe AE-UNESCO** – tacáinn an tionscadal le cúnamh teicniúil agus sásraí idir piaraí chun eolas agus dea- chleachtais a chomhroinnt chun beartais agus timpeallachtaí institiúideacha do thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú; is é is aidhm dó córais inbhuanaithe rialachais a sholáthar don chultúr, ag cuidiú le tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta a fhorbairt a chuireann le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch ionchuimsitheach agus le laghdú na bochtaineachta.

Gníomhaíochtaí atá ar na bacáin:

- Tacú le beartais chultúrtha agus timpeallachtaí institiúideacha do thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, ag bailiú fianaise chun **táscairí agus beartais théamacha chultúrtha a fhorbairt**;
- Tacú le **comhar cultúrtha** idir an Afraic agus an Eoraip agus an oidhreacht chultúrtha san Afraic Fho- Shahárach **ar mhaithle forbairt inbhuanaithe, síocháin, poist agus fás**.

H. Beartas comharsanachta agus méadaithe

Creat beartais agus príomhthosaíochtaí

Cuireann an **Clár Oibre Eorpach Nua le haghaidh an Chultúir** i dtábhacht gur cheart cur chun cinn an chultúir agus an idirphlé idirchultúrtha a úsáid chun comhtháthú agus forbairt shocheacnamaíoch a spreagadh. I gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirtíteach *I dtreo straitéis an Aontais maidir le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta*, tá príomhról ag cultúr agus idirphlé idirchultúrtha maidir leis an athmhuintearas a chur chun cinn. Is é atá i gceist leis seo doiciméid bheartais éagsúla do gach ceann de na réigiún Chomharsanachta.

Áiríodh leis an gclár réigiúnach táscach ilbhliantúil do Chomharsanacht an Deiscirt – faoi réimse tosaíochta 1) Forbairt an duine, an dea- rialachas, agus an smacht reachta – cuspóir sonrach 4 – **Tacú le cultúr mar cheanglas d'fhorbairt dhaonna agus cáiliocht saoil níos fearr**. Tacóidh an tAontas leis an gcultúr mar ghné fhíor- riachtanach de shaol an phobail agus mar phríomh- chomhpháirt den phróiseas tógála pobail.

Mar an gcéanna, foráiltéar sa Chlár Oibre Eorpach Nua don Chultúr go gcuirfidh an Coimisiún earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta chun cinn sna Balcáin Thiar, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, chomh maith le straitéisí comhair chultúrtha a fhorbairt ar an leibhéal réigiúnach, ag tosú leis na Balcáin Thiar.

Cuireann an teachtaireacht *A credible enlargement perspective for and enhanced EU engagement with the Western Balkans* [‘Peispictíocht mhéadaithe inchreidte agus rannpháirtíocht fheabhsaithe an Aontais leis na Balcáin Thiar’] (‘Straitéis na mBalcán Thiar’) i dtábhacht gur réamhchoinníollacha riachtanacha iad comhar réigiúnach agus dea- chaidreamh comharsanachta sna Balcáin Thiar chun dul chun cinn ar

chonair aontachais Eorpach agus chun forbairt shocheacnamaíoch a chur chun cinn sa réigiún trí mheán an chultúir. Ceann de na gníomhaíochtaí a thacaíonn le tionscnamh suaitheanta 6 de straitéis na mBalcán Thiar é comhar sa chultúr a threisiú leis an réigiún agus laistigh den réigiún.

Do Chompháirtíocht an Oirthir, sa doiciméad oibre compháirteach foirne *Recovery, Resilience and Reform: post-2020 Eastern Partnership priorities* ['Téarnamh, Athléimneacht agus Athchóiriú: tosaíochtaí Chompháirtíocht an Oirthir tar éis 2020'] arna fhoilsíú i mí Iúil 2021, sainaithnítear na cuspóirí seo a leanas sa tosaíocht atá beartaithe 'Infheistiú i ndaoine agus in eolas':

- Uasmhéadú a dhéanamh ar **chumas tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta mar innill d'fhorbairt eacnamaíoch shóisialta**;
- **Comhar cultúrtha agus idirphlé idirchultúrtha** a neartú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht in Eoraip na Cruthaitheachta, EU4Culture agus tionscnaimh eile a mhéadú.

Gníomhaíochtaí straitéiseacha agus príomhshamplaí

- Is clár réigiúnach ceithre bliana (2020-2024) é **Thaqafa Daayer Maydoor** a chuireann éiceachóras cultúrtha chun cinn ar fud Chomharsanacht an Deiscirt.
- Is clár réigiúnach ceithre bliana (2020-2024) é **CREACT4MED** a bhfuil sé mar chuspóir foriomlán aige ról an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú mar veicteoir fostáiochta agus athléimneachta. Díríonn sé ar dhaoine óga agus ar mhná- fhiontraithe i gComharsanacht an Deiscirt.
- Is é is aidhm d'**Ionú Eoraip na Cruthaitheachta do na Balcáin Thiar** an tacaíocht airgeadais d'eagraíochtaí cultúrtha na mBalcán Thiar a mhéadú trí ionú tiomnaithe a oscailt do na Balcáin Thiar faoi chlár Eoraip na Cruthaitheachta. Cuireadh chun feidhme é seo trí ghlaobh sonrach ar thograí a mhaoínigh tionscadail i bpunann earnálacha éagsúlaithe. Áiríodh leis seo aistriúchán agus foilsíú, ailtireacht, fisealaín, péinteáil agus líníocht, amharclannaíocht, damhsa, ealaíona grafachá, ceol, cultúr doláimhsithe, músaeim nó suíomhanna agus foirgnimh stairiúla.
- Is é is aidhm don **Chláir réigiúnach maidir le cultúr agus cruthaitheacht sna Balcáin Thiar**, le buiséad EUR 8 milliún agus i gcomhréir le Straitéis na mBalcán Thiar, idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn agus tionchar socheacnamaíoch earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú sna Balcáin Thiar.
- Is é is aidhm don **EU4Culture** cuidiú le cultúr a dhéanamh mar inneall fáis agus forbartha sóisialta ar fud réigiún Chompháirtíocht an Oirthir. Tacaíonn sé le ról méadaithe earnáil an chultúir mar inneall d'fhorbairt eacnamaíoch. Trína chur chuige idir- réigiúnach, tá sé i bhfabhar idirphlé idirchultúrtha agus malartú eolais níos fearr ar fud thíortha Chompháirtíocht an Oirthir agus feabhsaíonn sé rialachas áitiúil in earnáil an chultúir.

Gníomhaíochtaí atá ar na bacáin:

- Ullmhúchán leanúnach ar **chlár cultúrtha nua do Chomharsanacht an Deiscirt** do 2023, ina dtacóidh an tAontas Eorpach le hoibrithe cultúrtha mar ghníomhairí tógála pobail.

I. Oideachas agus beartais don óige

Is tionscnamh comhchruthaithe ó bhun aníos é an **Chomhghuaillíocht Oideachas don Aeráid** chun rannpháirtíocht a dhéanamh leis an bpobal oideachais ag leibhéal an Aontais, ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil. Mar thionscnamh suaitheanta den teachtaireacht maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025, is príomhionstraim é chun tionscnaimh agus tionscadail arna seoladh ag an bpobal oideachais chun tacú leis an aistriú go haeráidneodracht a ghabháil agus a

roinnt go héifeachtach. Baineann sé seo go háirithe le ‘scileanna glasa’ agus athruithe iompraíochta a fhorbairt agus naisc a bhunú le tionscnaimh eile, amhail an Comhshocrú Aeráide nó an Bauhaus Eorpach Nua.

Is é atá i **Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige** ancreat le haghaidh comhair maidir le beartas óige an Aontais do 2019-2027, bunaithe ar an Rún ón gComhairle an 26 Samhain 2018. Trína 11 sprioc don óige agus a trí cholún (Rannpháirtíocht a Dhéanamh, Ceangail, Cumhachtaigh), is é is aidhm leis an straitéis ranpháirtíocht lánbhrí shibhialta, eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus pholaitiúil daoine óga a spreagadh. Tacaíonn sé le forbairt na cruthaitheachta i measc daoine óga chomh maith lena rochtain ar chultúr agus ar uirlísí cruthaitheacha. Tá d'aidhm aige freisin teicneolaíochtaí nua a chur ar fáil chun cruthaitheach agus nuálaíocht daoine óga a chumhachtú, agus chun suim sa chultúr, sna healaíona agus san eolaíocht a mhéadú.

Tacaíonn an Coimisiún leis na cuspóirí sin trína chláir chistiúcháin, trí bheartais agus trí staidéir:

- Tacaíonn Erasmus+ le cruthaitheach agus nuálaíocht i dtionscadail chomhair;
- Tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíocha Eorpach le hoidhreacht chultúrtha na hEorpa trí thionscadail dheonacha;
- Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain daoine óga ar an gcultúr (Samhain 2010);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le hacmhainneacht chruthaitheach agus nuálach daoine óga a chothú (Bealtaine 2012).

Ina theannta sin, is í 2022 **Bliain Eorpach na hÓige**, ag léiriú a thábhachtaí atá an óige Eorpach chun todhchaí níos fearr a thógáil – níos glaise, níos ionchuimsíthí agus níos digití. Tugann sé deiseanna do dhaoine óga foghlaim, a bhfiseanna a roinnt, bualadh le daoine agus a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ar fud na hEorpa. Tá naoi réimse beartais ann, lena n-áirítear ‘cultúr’, agus, mar shampla, le cur chun feidhme an tionscnaimh shuaitheanta ‘Tagann an Óige ar an gcultúr a bhuí le DiscoverEU in 2022’.

Gníomhaíochtaí straitéiseacha agus príomhshamplai

- I ndlúthchomhar leis an NEB, i bhFeabhra 2022 sheol an Chomhghuaillíocht Oideachas don Aeráid glao compháirteach ar léirithe spéise d'ionaid oideachais agus eolais chun a dtionscadail NEB féin a fhorbairt, ag tabhairt le chéile dearadh, inbhuanaitheach agus cuir chuige nua teagaisc.
- Oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn do thaistealaithe óga DiscoverEU (Erasmus+), lena n-áirítear cruinnithe DiscoverEU ar fud na hEorpa.
- Glacadh an togra ón gCoimisiún le haghaidh Molta ón gComhairle maidir le foghlaim ar mhaithe le hinbhuanine comhshaoil ag an gComhairle, i mBealtaine 2022⁵². Spreagann sé seo tíortha chun foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe a bhunú mar cheann de na réimsí tosaíochta i mbeartais agus i gcláir oideachais agus oiliúna.
- Fócas láidir ar an aistriú glas mar chuid de thosaíochtaí straitéiseacha an Limistéir Eorpaigh Oideachais⁵³ agus cur chuige STEAM a chur chun cinn, i gclár oibre um chlaochlú oideachais an Aontais: réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (STEM) a chomhtháthú leis na healaíona⁵⁴.

⁵² <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9242-2022-INIT/ga/pdf>

⁵³ [EUR-Lex - 52020DC0625 - EN - EUR-Lex \(europa.eu\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=EUR-Lex-52020DC0625): COM/2020/625 final.

⁵⁴ Sa chomhthéacs seo, tá brí leathan le ‘ealaíona’, a chumhdaíonn na healaíona cruthaitheacha, cultúr agus teangacha ach freisin na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta. Is é an smaoineamh an idirdhisciplíneacht a threisiú agus ábharthacht STEM do dhúshláin comhshaoil, chultúrtha, eacnamaíocha agus shóisialta a chur i dtábhacht trí fhoghlaim agus theagasc an fhíorshaoil.

Gníomhaíochtaí atá ar na bacáin:

- Bearta leantacha do Bhliain Eorpach na hÓige 2022 a áirithiú;
- Leanúint leis an tacaíocht trí chláir Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh i dtreo an chultúir, na cruthaitheachta agus na nuálaíochta, chomh maith le foghlaim faoi luachanna agus oidhreacht an Aontais a éascú;
- An tionscnamh suaitheanta Discover EU a chur chun cinn tuilleadh;
- Méadú ar shineirgí idir Chomhghuaillíocht Oideachas don Aeráid agus beartais agus tionscnaimh ábhartha eile maidir le hinbhuanaitheacht agus gníomhaíocht ar son na haeráide.

J. Margadh aonair agus beartais thionsclaíocha

Creat beartais agus príomhthosaíochtaí

Sainaithnítear 14 éiceachóras tionsclaíocha sa straitéis thionsclaíoch Eorpach agus ina nuashonrú⁵⁵, agus is ceann díobh sin iad tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta. Is e is aidhm don chur chuige maidir leis na héiceachórais tionsclaíocha – a chuimsíonn gach gníomhaí poiblí agus príobháideach a oibríonn i slabhra luacha (idir na gnólachtaí nuathionscanta is lú agus na cuideachtaí is mó, idir an saol acadúil agus taighde, idir soláthraithe seirbhísé agus soláthróirí) – cuidiú le téarnamh agus méadú thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, agus leas á bhaint ag an am céanna as an aistriú glas agus digiteach⁵⁶.

Gníomhaíochtaí straitéiseacha agus príomhshamplai

Tá an Tionscadal Comhpháirtíochta WORTH⁵⁷ ábhartha go háirithe mar tá sé tiomanta d’fhás níos cliste, níos inbhuanaithe agus níos ionchuimsíthí a fhorbairt trí réitigh dearaidh trí chuidiú le FBManna i dtionscail stíle maireachtála réitigh ghlasa agus ionchuimsitheacha a aimsiú chun a bpróisis ghnó, a gcuid táirgí agus a gcuid seirbhísí a fheabhsú. Is ionann FBManna agus 99 % de na cuideachtaí ar fad san Aontas Eorpach agus tá thart ar 85 % de phoist nua cruthaithe acu le cúpla scór bliain anuas. Is minic a bhíonn deacracht acu réitigh ghlasa, dhigiteacha agus níos ionchuimsíthí a aimsiú agus chun fanacht iomaíoch. Dá bhrí sin, soláthraíonn WORTH tacáíocht thiomanta do FBManna i bhfoirm clár gorlainne⁵⁸ do chomhpháirtíochtaí gnó idir dearthóirí, déantúsóirí/ceardaithe agus soláthróirí teicneolaíochta chun cuidiú le smaointe gnó nua a fhorbairt. Díríonn sé ar thionscail stíle maireachtála, lena n-áirítear teicstíl agus éadaí, coisbheart, leathar agus fionnadh, troscán, agus maisiú baile, seodra agus gabhláil. Caithfidh na comhpháirtíochtaí gnó aghaidh a thabhairt ar dhúshláin i gcomhréir le SDGanna amhail an geilleagar cioclach/glas nó an nuálaíocht shóisialta. Ó bhí 2017 ann, tá tacáíocht tugtha cheana féin ag an Tionscadal Comhpháirtíochta WORTH do 217 gcomhpháirtíochta thrasnáisiúnta agus tacófar le thart ar 135 chomhpháirtíochta nua faoi 2025.

⁵⁵ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/european-industrial-strategy_en agus COM(2021) 350 final https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/communication-industrial-strategy-update-2020_en.pdf.

⁵⁶ Annual Single Market Report 2021 [‘Tuarascáil Bhliantúil 2021 ar an Margadh Aonair’], lgh. 98-104: https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/swd-annual-single-market-report-2021_en.pdf

⁵⁷ [Tionscadal Comhpháirtíochta WORTH \(europa.eu\)](https://europa.eu/treaties/commission/treaty-commission-worth_en)

⁵⁸ Áirítear leis an gclár gorlainne a) tacáiocht airgeadais; b) traenáil maidir le straitéis ghnó agus forbairt teicneolaíochta; c) comhairle dlí maidir le cearta agus cosaint maoine intleachtúla; d) ranmpháirtíochta i dtaispeántais agus seónna trádála; e) líonrú agus naisc ghairmiúla; f) comhairle maidir le deiseanna airgeadais/cistiúcháin.

Thairis sin, tacaíonn an Coimisiún le tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, go háirithe cuideachtaí agus fiontraithe cruthaitheacha, trí lónraí trasearnála tacaíochta gnó: An Lónra Fiontar Eorpach (EEN)⁵⁹ agus an tArdán Comhair do Bhraislí Fiontar⁶⁰ (ag tacú le FBManne, lónrú, idirnáisiúnú, meaitseáil B2B etc.). Treisíonn gníomhaíochtaí sonracha scileanna, gairmiúlacht agus oiliúint poist trí:

- Erasmus d'Fiontraithe Óga⁶¹ (ag éascú malartú taithí fiontraíochta agus bainistíochta, ag tacú le gairmiúlacht, scileanna agus oiliúint ar an láthair oibre);
- Geallsealbhóirí a spreagadh chun comhpháirtíocht scileanna ar scála mór a bhunú d'éiceachóras thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, a seoladh an 28 Aibreán 2022 faoin gComhshocrú ar Scileanna⁶², ina bhfuil breis agus 100 comhalta atá tiomanta d'uas- sciliú an lucht saothair agus do dhaoine tréitheacha a mhealladh chuig tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta.

Gníomhaíochtaí atá ar na bacáin:

Faoin Tionscadal Comhpháirtíochta WORTH:

- An clár meantóireachta a chur chun feidhme do na 65 chomhpháirtíocht thrasnáisiúnta roghnaithe (2022);
- Glaonna ar léirithe spéise a sheoladh chun comhpháirtíochtaí nua a rognú in 2023;
- Scileanna a threisiú le haghaidh fhorbairt iomaíoch agus inbhuanaithe thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta i dtimpeallachtaí digiteacha agus don aistriú glas.

K. Taighde agus nuálaíocht

Creat beartais agus príomhthosaíochtaí

Chuir clár réime Fís 2020 an Aontais Eorpaigh (2014-2020) EUR 77 billiún ar fáil mar chistiú le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta bunaithe ar na trí thosaíocht atá aige: Eolaíocht den scóth, Ceannaireacht thionsclaioch agus Dúshláin shochaíocha; tháinig an cultúr go príomha faoi scáth ‘Dúshláin shochaíocha’. Áirítear i gclár réime Fís Eorpach 2021-2027 braisle taighde tiomnaithe ar **Chultúr, Chruthaitheacht agus ar Shochaí Ionchuimsitheach**. Tá buiséad iomlán EUR 2.28 billiún ag Braisle 2, le EUR 400 milliún ar fáil idir 2021-2022, agus tá sé sírtithe ar 3 réimse idirghabhála, iad ar fad ábhartha do SDGanna: daonlathas agus rialachas, oidhreacht chultúrtha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, agus cloachluithe sóisialta agus eacnamaíocha. Tugann sé aird ar leith ar ‘thacú le teacht chun cinn foirmeacha nua de léiriú cultúrtha’.

Gníomhaíochtaí straitéisearcha agus príomhshampái

D'infheistigh Ceann Scriibe 2 ar **Oidhreacht chultúrtha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta** níos mó ná EUR 100 milliún i nglaonna 2021-2022 trí thrí phríomhcholún: gníomhaíochtaí glasa, digiteacha agus nuálaíochta, ina bhfuil an cultúr ina spreagthóir de SDGanna ar bhealaí éagsúla: aghaidh a thabhairt ar iomaíochas eacnamaíoch agus nuálaíocht, ar chomhtháthú agus ar chuimsíú sóisialta, ar inbhuanine comhshaoil agus ar ghníomhaíocht ar son na haeráide. Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálacha faoin gceann scriibe seo oidhreacht chultúrtha na hEorpa a

⁵⁹ An Lónra Fiontar Eorpach | An Lónra Fiontar Eorpach (europa.eu)

⁶⁰ Leathanach baile | Ardán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha

⁶¹ https://ec.europa.eu/growth/smes/supporting-entrepreneurship/erasmus-young-entrepreneurs_en

⁶² <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1534&langId=en> agus https://pact-for-skills.ec.europa.eu/index_en

chosaint, a chaomhnú agus a athbhunú ar bhealach níos fearr, na healaíona a chur chun cinn agus iomaíochas thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta san Eoraip a mhéadú trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí níos glaise agus digitithe/ceannródaíocha.

Áiríodh leis an gcéad chlár oibre 2021-2022 gníomhaíochtaí taighde ina bhfuil tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta ina spreagthóirí den nuálaíocht agus ina bhfuil gá le rannpháirtíocht ghníomhach leo i gcomhoibrithe taighde ildisciplíneacha agus trasearnála. Áiríodh ar na topaíci sin:

- teicneolaíochtaí glasa agus ábhair don oidhreacht chultúrtha;
- bainistíocht rannpháirteach agus maoiniú inbhuanaithe músaem agus institiúidí cultúrtha;
- tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta mar spreagthóir den nuálaíocht agus den iomaíochas;
- oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus a fheabhsú le hardteicneolaíochtaí digiteacha;
- ceardaíocht thraigisiúnta don todhchaí;
- éiceachóras ceoil Eorpach atá iomaíoch, cothrom agus inbhuanaithe;
- iomaíochas idirnáisiúnta thionscal déanta scannán na hEorpa;
- éifeachtaí an athraithe aeráide agus guaiseacha nádúrtha ar an oidhreacht chultúrtha;
- cluichí agus cultúr atá ag múnlú ár sochaí;
- an Bauhaus Eorpach Nua – ag múnlú bealach maireachtála níos glaise agus níos cothroime i sochaithe cruthaitheachta agus ionchuimsitheachta trí mheán na haitireachta, an dearaidh agus na healaíona.

Thairis sin, d'ainmnigh an Institiúid Eorpach um Theicneolaíoch agus Nuálaíocht (EIT) **Pobal Eolais agus Nuálaíochta (PEN)** atá **tiomnaithe d'earnálacha agus do thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta (EIT Cultúr agus Cruthaitheacht)** an 22 Meitheamh 2022. Tabharfaidh sé príomhpháirtithe san ardoideachas, sa taighde agus sa ghnó le chéile chun leas a bhaint as acmhainneacht nuálaíochta na n-earnálacha ábhartha. Éascóidh an PEN an t-aistriú digiteach, glas agus sóisialta freisin.

I dteannta leis an mbraisle agus na gníomhaíochtaí thusluaithe a dhírionn ar earnálacha agus ar thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta faoi Fhís Eorpach, tá idirnaisc ann freisin idir cultúr agus spriocanna taighde maidir le hinbhuanaitheachta faoi **Bhraisle 5 ar Aeráid, Fuinneamh agus Soghluasteach**. Tá topaíci sonracha agus gníomhaíochtaí tiomnaithe ann chun straitéisí athchóirithe atá tíosach ar fhuinneamh a chur i bhfeidhm ar fhoirgnimh stairiúla go háirithe faoi **Cheann Scíre 4** den bhraisle seo. Díríonn sé seo ar **Fhoirgnimh agus áiseanna tionsclaíocha atá i mbun an aistrithe fuinnimh** agus arb e is aidhm dó stoc foirgneamh níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe a bhaint amach trí fhoirgnimh a athchóiriú agus a nuachóiriú. Thairis sin, faoi Cheann Scíre 4, beartaítear leis an gcomhpháirtíocht chomhchláraithe **Built4people** tionscadail taighde agus nuálaíochta a mhaoiníú le haghaidh ‘comhshaol foirgnithe inbhuanaithe atá dírithe ar dhaoine’, ag tabhairt geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha le chéile chun conairí taighde agus nuálaíochta a chruthú i dtreo na hinbhuanaitheachta agus maireachtála níos fearr. Tugann an cur chuige seo, mar aon leis an bhfócas ar inbhuanaitheachta, gné shóisialta agus chultúrtha do na gníomhaíochtaí agus na hábhair a mhaoinítear faoin gcomhpháirtíocht seo, rud atá go mór i gcomhréir le prionsabail an NEB sa chomhshaol tóghtha (mar shampla maidir le hoidhreacht chultúrtha agus cáilíocht an eispéiris). I measc na bpriomhthionchar lena bhfuil coinne ó Cheann Scíre 4, tá sé beartaíthe comhshaol tóghtha de cháiilíocht níos airde, níos inacmhainne agus níos ionchuimsithí a bhaint amach, an t-athrú aeráide a mhaolú agus an comhshaol a chaomhnú, oidhreacht chultúrtha a choimirciú, inbhuanaitheachta, ciorcláiocht agus aeistéitic a chur san áireamh, agus coinniollacha maireachtála níos fearr a áirithíú ag an am céanna. Thairis sin, chruthaigh tionscnaimh ábhartha a bhaineann le ‘Cathracha cultúrtha’⁶³, atá bunaithe ar thionscadail bhraisle de chuid Fís 2020, an bonn le

⁶³ Cf. an Forógra Fís 2020 de Chathracha Eorpacha.

haghaidh roinnt gníomhaíochtaí comhoibríocha agus faoi stiúir an phobail. Tá ról lárnach acu seo maidir le limistéir uirbeacha stairiúla a chlaochlú agus réitigh a chur chun cinn chun ceantair uirbeacha a athbheochan i ndiaidh na paindéime COVID-19. Mar shampla, chomhordaigh an Coimisiún obair shainghrúpa Fís 2020 ar ‘an chathair atá dírithe ar an duine: deiseanna do shaoránaigh trí thaighde agus nuálaíocht’, a seachadadh in 2020⁶⁴, agus mhápáil sé gach tionscnamh uirbeach, lena n-áirítear iad siúd a thugann aghaidh ar chultúr sa Tuarascáil Bhliantúil Mapála: Taighde agus nuálaíocht an Aontais do chathracha agus le cathracha (Meitheamh 2021)⁶⁵.

Gníomhaíochtaí atá ar na bacáin:

Braisle 2 d’Fhís Eorpach (*Ceann scribe 2 ar ‘Oidhreacht chultúrtha, tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta’*)

- Tacaíocht bhereise a thabhairt do na **trí réimse de ghníomhaíochtaí glasa, digiteacha agus nuálacha, d’fhoinn SDGanna na Náisiún Aontaithe**, go háirithe trí **leathnú na ndeiseanna do chomhoibriú digiteach agus do chomhchruthú** chun freastal ar riachtanais ghairmithe agus thaighdeoirí oidhreachta cultúrtha na hEorpa trí fhorbairt a dhéanamh, ó 2023 ar aghaidh, Néal Comhoibríoch Eorpach don Oidhreacht Chultúrtha (ECCCH), **faoi dhlínse na hEorpa**;
- Spreagfaidh athchóiriú agus caomhnú na hoidhreachta cultúrtha forbairt **teicneolaíochtaí agus modhanna nua atá neamhdhíobhálach don chomhshaol chun go mbeidh an Eoraip chun tosaigh i mbainistíocht inbhuanaithe na hoidhreachta cultúrtha**;
- Glaonna ar thograí a fhoilsíú le topaicí ar **thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta mar spreagthóirí d'aistriú aeráide ionchuimsitheach, agus ag an am céanna na bunluachanna NEB d'inbhuanaitheacht**, cuimsiú agus aeistéitic, chomh maith le hábhair a bhaineann le turasóireacht chultúrtha chun **tacú le forbairt inbhuanaithe ceantair tuaithe agus ceantair iargúla**;
- **Creat a fhorbairt le haghaidh cur chuige ionmlánaíoch maidir le taighde agus nuálaíocht chun rannchuidiú le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus chultúrtha** na hoidhreachta cultúrtha ar scála nach bhféadfadh aon Bhallstát ná an Coimisiún Eorpach a bhaint amach ina aonar.

Braisle 5 d’Fhís Eorpach

- Áireofar i gCeann Scríbe 4 topaic ar chinnte a dhéanamh de go mbeidh **foirgnimh stairiúla slán i bhfad na haimsire don aistriú chuig fuinneamh glan sa chlár oibre atá le teacht**.

EIT – PEN maidir le hearnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta

- 2023: Bliaín na ngnólachtaí nuathionscanta um Chultúr agus Cruthaitheacht EIT PEN⁶⁶.

L. An geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach

An 10 Samhain 2021, d’fhoilsigh an Coimisiún moladh maidir le **spás coiteann sonrai Eorpach don oidhreacht chultúrtha**. Is é is aidhm dó an bealach a réiteach do spás coiteann sonrai Eorpach don oidhreacht chultúrtha, rud a chuvideoidh le hinstíúidí oidhreachta cultúrtha dlús a chur lena n-iarrachtaí

⁶⁴ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/5b85a079-2255-11ea-af81-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-search>

⁶⁵ [Taighde agus nuálaíocht an Aontais do chathracha agus le cathracha – Oifig Foileachán an Aontais Eorpáigh \(europa.eu\)](https://op.europa.eu/en/publication/1a11dc10-edba-11eb-a71c-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF)

<https://op.europa.eu/en/publication/1a11dc10-edba-11eb-a71c-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF>

⁶⁶ <https://eit.europa.eu/eit-community/eit-culture-creativity>

digitithe agus caomhnaithe, agus na deiseanna a chruthaíonn an claochlú digiteach a thapú. Is é is cuspóir leis athúsáid sócmhainní oidhreachta cultúrtha digitithe a threisiú, go háirithe i 3T, i bpríomhréimsí éagsúla amhail an oideachas, an turasóireacht inbhuanaithe agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, agus tionchar dearfach aige sin ar an bhfás eacnamaíoch. Cuirfidh an spás coiteann sonraí Eorpach don oidhreacht chultúrtha leis an mBonneagar Eorpach um Sheirbhís Dhigiteach agus leathnóidh sé a chuid feidhmiúlachtaí reatha.

Is féidir le sócmhainní oidhreachta cultúrtha atá digitithe i 3T a bheith ina bhfoinse eolais ábhartha ar thionchar aeráide agus oiriúnú don aeráid (mar shampla, ceadaíonn anailis 3T neamhscriostach ar shócmhainní, léirshamlú damáiste agus faisinéis le haghaidh athchóiriú, caomhnú, etc.). Mar an gcéanna, d'fhéadfadh sócmhainní oidhreachta cultúrtha i 3T a bheith ríthábhachtach chun athléimneacht in aghaidh na hathraithe aeráide a mhéadú agus chun tacú le caomhnú coisctheach séadchomharthaí, foirgnimh agus suiomhanna oidhreachta cultúrtha.

Rannchuideoidh an spás sonraí don oidhreacht chultúrtha le SDG 4 (Oideachas ar Ardchaighdeán) freisin toisc go soláthróidh sócmhainní digiteacha oidhreachta cultúrtha sa spás sonraí dearctaí iolracha ar fhorbairtí stairiúla, eolaíocha agus cultúrtha ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin.

Is féidir le digitíú sócmhainní oidhreachta cultúrtha agus lena n-athúsáid poist nua a ghiniúint, ní hamháin in earnáil na hoidhreachta cultúrtha ach freisin in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta eile (mar shampla, an tionscal cearrbhachais agus tionscal na scannán), agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le SDG 8 (Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch). Neartóidh an spás sonraí don oidhreacht chultúrtha comhar, compháirtíochtaí agus rannpháirtíochtaí le líonra na gcompháirtithe sonraí (mar shampla iarsmalanna, gailearaithe, leabharlanna, agus cartlanna ar fud na hEorpa), comhbhailitheoirí agus saineolaithe atá ag obair i réimse na hoidhreachta cultúrtha digiteacha, as a dtiocfaidh fás eacnamaíoch.

Ina theannta sin, rannchuideoidh an spás sonraí don oidhreacht chultúrtha le SDG 9 (Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar) toisc go neartóidh sé nuálaíocht agus cruthú seirbhísí agus feidhmchláir nua trí shócmhainní digitithe na hoidhreachta cultúrtha a úsáid agus a athúsáid i bpríomhréimsí éagsúla (mar shampla oideachas, cathracha cliste agus samháltú comhshaoil, turasóireacht inbhuanaithe – in éineacht leis an spás sonraí don turasóireacht – agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta). Osclaíonn sócmhainní cultúrtha digitithe ar ardchaighdeán bealaí nua chun rannpháirtíochtaí a dhéanamh go digiteach le hábhar cultúrtha agus taitneamh a bhaint as trí chomhchoimeádaíocht, comhdhearadh agus sluafhoinsíú, ag cumhacthaigh rannpháirtíochtaí an phobail.

I réimse an bheartais chlosamhairc, sheol an Plean Gníomhaíochta um na Meáin Chumarsáide agus Chlosamhairc a glacadh i mí na Nollag 2020⁶⁷ uirlis le **haghaidh modheolaíochta comhchoiteann maidir le háireamhán CO₂ le haghaidh léiriúcháin chlosamhairc ar fud thionscal closamhairc na hEorpa** (gníomh 6 maidir le glasú in 2023). Thacaigh sé freisin le **feachtas feasachta chun an éagsúlacht taobh thiär den cheamara a chur chun cinn sa tionscal closamhairc**, ag cuidiú leis oiriúnú d'athruithe sochaíocha (gníomh 8 faoi éagsúlacht).

Gníomhaíochtaí atá ar na bacáin:

- An spás sonraí a imscaradh don oidhreacht chultúrtha;
- An Plean Gníomhaíochta um na Meáin Chumarsáide agus Chlosamhairc a chur chun feidhme tuilleadh.

M. Gníomhú ar son na haeráide agus beartas comhshaoil

Creat beartais agus príomhthosaíochtaí

⁶⁷ IMMC.COM%282020%29784%20final.ENG.xhtml.1_EN_ACT_part1_v8.docx (europa.eu)

Sheol an Coimisiún **an Comhshocrú Aeráide Eorpach** in 2020 mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip. Is é is aidhm dó aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht ó bhun aníos, ag tabhairt ról do shaoránaigh ó gach glúin agus pobail áitiúla san aistriú chuig sochaí athléimneach agus aeráidneodrach. Trína ghníomhaíochtaí, is é is aidhm don tionscnamh tacú le tionscnamh ó bhun aníos trí fhaisnéis a sholáthar ar an aistriú aeráide, spásanna a fhorbairt le go bhféadfaidh geallsealbhóirí agus saoránaigh oibriú le chéile, agus cuidiú le tionscnamh nua a thosú.

Tríd an gComhshocrú Aeráide, is féidir le saoránaigh agus le pobail a ngníomhaíochtaí aeráide a thaispeáint agus gealltanais a dhéanamh maidir le maolú aeráide agus oiriúnú don aeráid tríd an ardán ‘Count Us In’.

Is é aidhm na n-uirlísí seo rannpháirtíocht a dhéanamh le saoránaigh chun insintí áitiúla aeráide a chomhchruthú, ag cur san áireamh oidhreacht chultúrtha, cúrla, agus chun gníomhaíocht a fhreámhshamhail le chéile sa phobal áitiúil. Tacaíonn an Comhshocrú Aeráide le próisis nuálacha chomhchruthaitheacha do phobail áitiúla, amhail rannpháirtíocht lucht ceaptha beartas le saoránaigh chun iad a chumhachtú trí ról éascaitheora a ghlacadh don phlé ar an athrú aeráide agus cosaint an chomhshaoil i gcathracha. Is é breislúach an Chomhshocraithe Aeráide ná comhar a chothú idir páirtithe éagsúla (mar shampla ealaíontóirí, ionaid chultúrtha, eagraíochtaí neamhrialtasacha, rialtais áitiúla agus gnólachtaí), chun comhspriocanna a bhaint amach.

Féadfaidh ealaíontóirí, lucht tionchair, méaraí agus aon saoránach atá tiomanta do ghníomhaíocht aeráide a bheith ina **Ambasadóir um Chomhshocrú Aeráide** chun tacú leis an obair atá ar siúl cheana féin ina bpobail. Is bealach comhlántach é bheith i d’ambasadóir chun eolas, spreagadh agus tacaiocht a thabhairt do ghníomhaíocht aeráide i bpobail agus i lónraí áitiúla.

Maidir le beartais chomhshaoil, ní féidir leis an athrú claochlaithe inár sochaithe agus inár ngeilleagair, a theastaíonn chun an Comhaontú Glas a chur i gcrích, tarlú gan toiliú na sochaí ina hiomláine. Teastaíonn athrú ar noirm, luachanna agus dearcaidh shóisialta, is é sin athrú cultúir, mar a shainainnítear i dtosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghéis. Mar an gcéanna, cuireann obair ardaithe feasachta bithéagsúlachta litearthacht an dúlra, comhbhá, dlúthpháirtíocht agus cúram don dúlra chun cinn, chomh maith le cuir chuige idirdhisciplíneacha chun cuidiú le daoine idirnascadh na góras eacnamaíoch, sóisialta agus nádúrtha a thuiscint.

Crutháonn gnéithe tírdhreacha, bithéagsúlachta agus limistéir dúlra faoi chosaint an Aontais (Natura 2000) a oidhreacht doláimhsithe agus is bonn iad dár dtodhchaí. D’athdhearbhaigh an tEorabharaiméadar is déanaí *Attitudes of Europeans towards Biodiversity* [Dearcadh na nEorpach i leith na Bithéagsúlachta] go bhfuil meas mór ag muintir na hEorpa ar an dúlra agus ar an mbithéagsúlachta agus go bhfuil coinne acu leis go ngníomhóidh an tAontas Eorpach chun iad a chosaint. Go háirithe, baineann na gníomhaíochtaí a mheas formhór na nEorpach a bheith tábhachtach le hathbhunú an dúlra agus na bithéagsúlachta chun damáiste a chuíteamh, agus saoránaigh a chur ar an eolas níos fearr faoi thábhacht an dúlra agus na bithéagsúlachta. Léiríonn an suirbhé céanna freisin gur beag saoránach atá ar an eolas faoin líonra Natura 2000 agus faoi iarrachtaí an Aontais agus a Bhallstáit iad a chosaint.

Sin an chúis go gcuireann **straitéis bithéagsúlachta an Aontais do 2030** i dtábhacht a thábhachtaí atá sé feasacht ar an mbithéagsúlachta a mhéadú agus bithéagsúlachta agus éiceachórás a chomhtháthú sna scoileanna, san ardoideachas agus in oiliúint ghairmiúil. San idirbheartaíocht idirnáisiúnta don chreat bithéagsúlachta domhanda iar-2020, átíonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le hearnálacha an chultúir agus rannpháirtíocht na ngníomhaithe san oideachas, sna meáin agus in earnáil na n-ealaíon agus an chultúir a lua.

Gníomhaíochtaí straitéiseacha agus príomhshamplai

- **Tugann an Dámhachtain um Phríomhchathair Ghlas na hEorpa** (do chathracha móra) **agus Dámhachtain na nDuilleog Glas** (do chathracha faoi bhun 100 000 áitritheoir) agus an bhéim a leagann siad ar rannpháirtíocht na saoránach go leor spáis le haghaidh gníomhaíochtaí cultúrtha agus oideachais ar ábhar na hinbhuanaitheachta. Maoinithe faoin gClár LIFE, tacaíonn na dámhachtainí le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais ar an talamh ag leibhéal uirbeach. Tá na cathracha buaiteacha ar thús cadhnaíochta an aistrithe ghlaist agus tá an cumas acu a bheith mar eiseamláir do chathracha eile. Faigheann buaiteoirí na bPríomhchathracha Glas (ceann amháin in aghaidh na bliana) EUR 600 000 agus buaiteoirí na nDuilleog Glas (uasmhéid dhá cheann in aghaidh na bliana) EUR 200 000. Tacaíonn agus spreagann an teideal na cathracha buaiteacha chun raon leathan gníomhaíochtaí agus tionscadal a eagrú le linn na bliana. Cuimsíonn siad seo de ghnáth tacaíocht oideachais i scoileanna nó do dhaoine óga, tionscadail ealaíne agus inbhuanaitheachta do shaoránaigh, seónna ealaíne a léirmhíníonn ealaín agus cosaint an chomhshaoil, etc⁶⁸. Cuimsíonn na searmanais bhronnta imeachtaí cultúrtha agus cuir i láthair de ghnáth. Tuairiscíonn cathracha go bhfuil go leor buntáistí ag baint leis an teideal, lena n-áirítear cumhdach méadaithe sna meáin idirnáisiúnta, móiminteam níos mó sa chathair chun leanúint ar aghaidh le hinbhuanine comhshaoil a fheabhsú nó tarraingteach mhéadaithe mar cheann scríbe turasóireachta.
- **Comhar le músaeim stair an dúlra agus eolaíochta, gairdíní luibheolaíocha, zúnna agus uisceadáin tríd an gcomhrialtas domhanda ‘United for Biodiversity’ [‘Aontaithé ar son na Bithéagsúlachta’].** Comhordaithe ag an gCoimisiún ó mhí an Mhárta 2020 ann, tugann an comhrialtas na hinstíuídí agus na heagraíochtaí seo le chéile, agus tá sé oscailte freisin d’ionaid taighde agus d’ollscoileanna, do thearmainn dúlra agus do limistéir faoi chosaint ar fud an domhain, agus d’iarsmalanna d’aois chatagóir, amhail músaeim ealaíne, ailtireachta nó staire. Tugann sé cuireadh dóibh teacht le chéile agus a nguth a ardú faoi ghéarchéim an dúlra, ag léiriú tábhacht an dúlra don chine daonna. Cumhdaíonn an comhrialtasanois 51 thír agus críoch, ag cruthú pobail de 323 eagraíochta, páirceanna náisiúnta agus limistéir faoi chosaint, uisceadáin, gairdíní luibheolaíocha, zúnna, músaeim (lena n-áirítear músaeim ealaíne), ionaid taighde agus ollscoileanna chun tacú leis an móiminteam polaitiúil, i gcomhar le comhghuaillíochtaí polaitiúla domhanda eile don dúlra.
- **Sraith uirlísí oideachais maidir le cosaint an dúlra:** Mar chuid de thionscadal níos leithne chun feasacht a ardú ar an ngá atá le cosaint an dúlra, cuidíonn an tsraith straitéisí seo le hoideoirí rannpháirtíocht a dhéanamh le déagóirí maidir le cosaint an dúlra san Eoraip. Cuireann sé raon gníomhaíochtaí ar fáil, laistigh nó lasmuigh, agus iad i ngrúpaí thart ar cheithre mhodúl: (i) cén bhaint atá againn leis an dúlra; (ii) dúlra na hEorpa a thaiscéaladh; (iii) conas a chosnaímid an dúlra san Eoraip; agus (iv) bheith rannpháirteach i gcosaint an dúlra. Tacaítear le go leor gníomhaíochtaí le sonrái agus faisnéis atá ar fáil ó bhunachair shonraí an Limistéir Eorpáigh Oideachais agus ó lucht féachana. Tá an tsraith straitéisí ar fáil i ngach teanga de chuid an Aontais⁶⁹. Áirítear leis na tortaí a bhfuil coinne leo: feasacht a ardú i measc an daonra déagóirí; cuidiú le daoine tuiscint a fháil ar bheartais an Aontais um chosaint an dúlra, ar threoracha maidir le dúlra agus ar Natura 2000, agus ag spreagadh daoine óga chun a bheith rannpháirteach i gcosaint an dúlra.
- **Sineirgí idir cosaint suíomhanna Natura 2000 agus oidhreacht chultúrtha:** Mar cheann d’aschuir phlean gníomhaíochta an Aontais don dúlra, do dhaoine agus don gheilleagar agus mar bhearta leantacha ar Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 chomh maith, d’fhoilsigh an Coimisiún an tuarascáil *Natural and cultural heritage in Europe: Working together within the Natura 2000 network*⁷⁰ [‘Oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha san Eoraip: Ag obair le chéile laistigh den líonra Natura 2000’]. Déantar iniúchadh sa tuarascáil ar na forluití spásúla idir suíomhanna nádúrtha agus cultúrtha, pléitear inti na bagairtí agus na comhdhúshláin atá acu, agus na deiseanna atá ar fáil faoi

⁶⁸ Mar shampla, tionscadal campála sna sléibhte chun daoine óga a chur ar an eolas faoin athrú aeráide: Une expérience inédite: bivouquer à la Bastille! - J’agis - Je rêve (greengrenoble2022.eu).

⁶⁹ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/e33a1119-8fa2-11ec-8c40-01aa75ed71a1/language-en>

⁷⁰ [Natural_and_Cultural_Heritage_report_2019_WEB.pdf](https://op.europa.eu/en/publication/33a1119-8fa2-11ec-8c40-01aa75ed71a1/languages-en) (europa.eu).

chistí éagsúla an Aontais chun tionscnaimh chomhpháirteacha dúlra agus chultúir a thosú. Leagtar amach inti freisin moltaí maidir le conas is féidir na dúshláin a shárú agus conas bainistíocht chomhtháite agus tairbhí socheacnamaíocha gaolmhara a chur chun cinn.

Tá léarscáil scéil foilsithe ag an gCoimisiún a ligeann d'úsáideoirí iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhforluíonn suíomhanna Natura 2000 agus suíomhanna Oidhreachta Domhanda⁷¹. Bailíodh sraith cás- staidéir freisin chun samplaí praiticiúla a thaispeáint de ghnéithe éagsúla de bhainistíocht chomhtháite rathúil na hoidhreachta nádúrtha agus cultúrtha i suíomhanna Natura 2000⁷². Is é ceann de na príomhthortháí a d'fhéadfadh a bheith leis an gcomhtháthú sin inniúlacht mhéadaithe na suíomhanna oidhreachta cultúrtha agus nádúrtha chun cuairteoirí a mhealladh. Féadann sé seo éifeacht chascáideach a bheith aige ar an ngeilleagar áitiúil trí dheiseanna nua do thurasóireacht inbhuanaithe, gnó agus forbairt timpeall na suíomhanna. Is féidir go nglacfar níos fearr leis na teorainneacha a bhaineann le cosaint suíomhanna oidhreachta nádúrtha agus cultúrtha dá bharr.

Gníomhaiochtaí atá ar na bacáin:

- **An feachtas múscailte feasachta ar theicstílí inbhuanaithe a sheoladh** i bhfianaise straitéis an Aontais maidir le teicstílí inbhuanaithe agus ciorclacha chun ceannródaíocht a dhéanamh ar ról an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin earnálacha na cruthaitheachta (dearadh, teicstílí agus faisean) chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le cinnte a dhéanamh de go mbeidh teicstílí agus faisean san Aontas ciorclach;
- Na tairbhí comhshaoil, eacnamaíocha agus sláinte a bhaineann leis an straitéis **a chur i dtábhacht** chomh maith lena rannchuidiú le neamhspleáchas agus athléimneacht acmhainní an Aontais a mhéadú agus réitigh phraicticiúla a thairiscint ag gach céim de shaolré teicstílí, agus do thomholtóirí aonair, a chuideoidh leis an bhfís atá taobh thiar de straitéis teicstílí an Aontais a fhíorú;
- **Rannpháirtíocht na hóige a áirithiú**, lena n-áirítear dearthóirí óga, lucht tionchair agus ealaíontóirí, san fheachtas cumarsáide chun a áirithiú go mbeidh mearfhaisean ‘as faisean’ san Eoraip;
- **Amharcóir léarscáile a forbairt chun cuidiú le tionchar tulite ar shuíomhanna oidhreachta cultúrtha a laghdú**: agus réamh- mheasúnuithe riosca tulite á ndéanamh acu faoin Treoir maidir le Tulite, ní chuireann na Ballstát san áireamh i gcónai suíomhanna oidhreachta cultúrtha atá i mbaol. D'fhéadfadh gurb é an chúis atá leis seo ná gur gá na measúnuithe a bheachtú. Soláthróidh an Coimisiún amharcóir léarscáile go luath a chuirfidh ceantair thuilte in aice le hoidhreacht chultúrtha, i measc nithe eile.

N. Comhbheartas Talmhaíochta

Creat beartais agus príomhthosaíochtaí

Féadfar infheistíochtaí sonracha a dhíríonn ar chultúr a áireamh i bpleananna straitéiseacha **comhbheartas talmhaíochta (CBT) (2023-2027)**⁷³ na mBallstát: áirítear leis sin freisin forbairt chórais thásca geografacha (GI)⁷⁴ an Aontais do thárgí talmhaíochta agus do bhia- earraí, fionta agus deochanna biotáilleacha. Tacaíonn CBT le talmhaíocht agus le feirmeoirí trí thacaíocht ioncaim, bearta margaidh agus forbairt tuaithe. Neartaíonn forbairt tuaithe go háirithe inbhuanaitheacht shocheacnamaíoch,

⁷¹ Explore Natura 2000 (arcgis.com).

⁷² Oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha na hEorpa in Natura 2000 – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (europa.eu)

⁷³ https://agriculture.ec.europa.eu/common-agricultural-policy/cap-overview/new-cap-2023-27_en

⁷⁴ https://agriculture.ec.europa.eu/farming/geographical-indications-and-quality-schemes/geographical-indications-and-quality-schemes-explained_en

shoch- chultúrtha agus chomhshaoil na limistéar tuaithe agus bíonn tionchar láidir aici ar earnáil an chultúir go ginearálta.

Ráthaíonn bearta chun clárú Gianna agus sainearraí traidisiúnta a threisiú éagsúlú agus comhar, agus is féidir le LEADER (modh forbartha áitiúil) tacú freisin le hinbhuaíne bia áitiúil le linn na tréimhse 2023-2027 (táirgeadh, lipéadú agus caomhnú bia a dhéantar go háitiúil agus oidhreacht chultúrtha).

D’fhéadfáí mapáil bia, lipéadú agus oidhreacht bia chomh maith le cosaint a thabhairt don chaoi a dtáirgtear bia a mheas mar ghníomhaíochtaí cultúrtha. Dá bhrí sin, tá bonneagar agus inbhuanaitheacht (chomhshaoil, chultúrtha, shócheacnamaíoch) ríthábhachtach do leas earnálacha an chultúir, na cruthaitheachta agus na hoidhreachta.

O. An tionscal cosanta agus beartais spáis

Cuireann Clár an Aontais um Fhaire agus um Fhaireachán na Cruinne Copernicus tacaíocht ar fáil do phobal na hOidhreachta Cultúrtha agus Nádúrtha chun mapáil, faireachán agus bainistíocht na hoidhreachta cultúrtha a éascú ar bhonn laethúil.

Luann Rialachán Chlár Spáis an Aontais⁷⁵ go sainráite (Airteagal 49(3)) ‘caomhnú na hoidhreachta cultúrtha’ mar phríomhbheartas a dtabharfar tacaíocht dó trí Copernicus.

Gníomhaíochtaí straitéisearcha agus príomhshamplaí

Le roinnt blianta anuas tá Copernicus ag dul i ngleic leis an bhfearrann Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha ag tacú le pobal na hoidhreachta cultúrtha lena chuid sonrai, tárgí agus seirbhísí. Is é an príomhsprioc sa réimse seo faireachán agus measúnú a dhéanamh ar thionchair ionchasacha an athraithe aeráide, tubaistí nádúrtha agus an trapaigneacha, géarchéimeanna daonnúla agus coinbhleachtaí cultúrtha agus oidhreachta nádúrtha chun cosc agus bainistíocht a neartú agus chun tacú le forbairt inbhuanaithe.

Cuireann an chuid is mó de sheirbhísí Copernicus ar bhealaí éagsúla le faireachán agus measúnú riosca ar shuíomhanna oidhreachta cultúrtha, mar aon le cosc damáiste maidir leis na suíomhanna seo. Mar shampla:

- Seirbhís mar Thacaíocht do Ghníomhaíocht Sheachtrach, ag measúnú damáiste féideartha do shuíomhanna oidhreachta cultúrtha thar limistéir coinbhleachta nach bhfuil rochtain ag an bpobal idirnáisiúnta orthu;
- An tSeirbhís um Athrú Aeráide, ag baint úsáide as roinnt táscairí chun measúnú a dhéanamh ar chontúirt dóiteáin;
- An tSeirbhís Faireacháin ar Thalamh, le measúnú riosca geo- ghuaise nádúrtha agus daonna, geodasaíocht, pleánáil uirbeach agus tuaithe, riosca tulite;
- An tSeirbhís Faireacháin Atmaisféir, ag seiceáil cáilíocht an aeir agus damáiste féideartha ina dhiaidh sin do shéadchomharthaí agus foirgnimh;
- An tSeirbhís Bainistíocha Éigeandála, ag tacú go háirithe trí thárgí mapála ar éileamh (i ngníomhachtaithe modh meara, riosca agus aisghabhála) le gníomhaíochtaí coiscthe, ullmhachta, freagartha agus aisghabhála, trí anailís, measúnú agus faireachán a dhéanamh ar mhéid an damáiste agus ar na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann.

Cruthaíodh Tascfhórsa um Oidhreacht Chultúrtha Copernicus⁷⁶ freisin chun anailís a dhéanamh ar stádas na ngníomhaíochtaí oidhreachta cultúrtha le sonrai agus seirbhísí Copernicus. Nuair a sainaithníodh

⁷⁵ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R0696&from=EN>

⁷⁶ https://www.copernicus.eu/sites/default/files/2020-10/CC-2020-37_Copernicus-Cultural-Heritage-Task-Force-Report_0.pdf

ceanglais na n-úsáideoirí, d'fhíoraigh sé ‘*go gcomhlíonann tromlach na dtáirgí reatha na ceanglais shainaitheanta*’. Ina theannta sin, is féidir gníomhaíochtaí forbartha acmhainne a mheas freisin, lena n-áirítear tacaíocht d'fhorbairt scileanna agus oiliúint do ghairmithe, chomh maith le cúrsaí acadúla tiomnaithe.

Áirítear ar ghníomhaíochtaí eile:

- Cruthúnas sonrach ar choinchéap atá tiomnaithe don turasóireacht dhigiteach agus don oidhreacht chultúrtha, mar chuid de Thaispeántóirí Copernicus (soláthar) agus tá coinne leis go gcuirfear chun feidhme é in 2023/2024.
- Mar chuid den tionscnamh EUSpace4Ukraine, réachtáladh haiceatón (29 Meitheamh – 1 Iúil 2022) a chuimsigh feidhmchláir a bhaineann le cosaint na hoidhreachta cultúrtha.
- Tabharfaidh an tArdán Comhairliúcháin d’Úsáideoirí 2023 aghaidh ar riachtanais úsáideoirí agus ar cheanglais le haghaidh úsáideoirí tráchtala.

Thairis sin, tá anailís ar siúl cheana féin chun bealaí féideartha a shainaithint chun táirgí Copernicus a fheabhsú agus a oriúnú, i gcomhcheangal le gníomhaíochtaí náisiúnta agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta (féach mar shampla an Ghníomhaíocht Pobail Faireachlann Aeráide Oidhreachta Uirbeach de chuid GEO (UNESCO)).

Gníomhaíochtaí atá ar na bacáin

- Leanfaidh seirbhísí Copernicus ar aghaidh ag cur le **mapáil agus bainistíocht oidhreachta cultúrtha, chomh maith le faireachán a dhéanamh uirthi**;
- Tacú le glacadh Copernicus sa mhargadh iartheachtach a bhaineann le faireachán ar oidhreacht chultúrtha agus toradh na hoidhreachta seo trí **anailís a dhéanamh ar riachtanais úsáideoirí agus cruthúnaíochtaí choinchéapa a chur chun feidhme**;
- **Pointe rochtana uathúil ar shonraí a thabhairt isteach, ina mbeidh faisnéis ó chomhpháirtíochtaí Copernicus, agus atá úsáideach d’úsáideoirí oidhreachta cultúrtha**, atá le measúnú, ag cur san áireamh na hacmhainní atá ar fáil, na tosaíochtaí agus na tionscnaimh leanúnacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.

P. An Sásra Aontais um Chosaint Shíbhialta

Creat beartais agus príomhthosaíochtaí

Is é is aidhm don Sásra Aontais um Chosaint Shíbhialta⁷⁷ cosaint a thabhairt do’dhaoine den chuid is mó, ach don chomhshaol agus do mhaoín chomh maith, *lena n-áirítear an oidhreacht chultúrtha*, agus iad a chosaint ar gach cineál tubaiste nádúrtha agus de dhéanamh an duine (...)’ (Aireagal 1.2). Comhordaíonn an Sásra Aontais um Chosaint Shíbhialta seachadadh cúnaimh, míreanna fóirithinte, saineolas, foirne cosanta sibhialta agus trealamh speisialaithe, mar shampla, mar fhreagairt ar thíortha atá buailte ag tubaistí, agus arna iarraidh sin dóibh nuair a bhíonn acmhainní náisiúnta na dtíortha sin faoin iomarca brú.

Gníomhaíochtaí straitéisearcha agus príomhshamplai

Cumhdaíonn an Sásra Aontais um Chosaint Shíbhialta timthriall iomlán an bhainistithe riosca tubaiste agus tacaíonn sé le gníomhaíochtaí coisc, ullmhachta agus freagartha. Tacaíonn an Sásra Aontais um Chosaint Shíbhialta, i measc nithe eile, le hiarrachtaí i réimse na gcóras measúnaithe riosca, luathrabhaidh

⁷⁷ <https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2013/1313/oj/eng>

agus faireacháin. Trí Líonra Eolais an Aontais um Chosaint Shíbhialta, eagraíonn agus comhordaíonn sé oiliúint, cleachtaí, malartú saineolaithe agus misin chomhairleacha. Cothaíonn an Sásra Aontais um Chosaint Shíbhialta cur chuige trasearnála agus tacaíonn sé le malartú dea-chleachtas.

Maoíníonn an Sásra Aontais um Chosaint Shíbhialta tionscadail i réimse na hoidhreachta cultúrtha i dtubaistí freisin. Mar shampla, d'fhorbair tionscadal ProCultHer⁷⁸ (2019-2021) modheolaíocht Eorpach⁷⁹ chun aghaidh a thabhairt ar chosaint na hoidhreachta cultúrtha le linn éigeandálaí agus chun bunú inniúlacht nua an tSásra Aontais um Chosaint Shíbhialta sa réimse a éascú.

Agus é ag freagairt d'íarrataí ar chúnamh i réimse na hoidhreachta cultúrtha, is féidir leis an Sásra Aontais um Chosaint Shíbhialta éascaíocht a dhéanamh ar chabhair chomhchineáil a sholáthar (trealamh cosanta, mar shampla) chomh maith le saineolas, lena n-áirítear i bhfoirm misin chomhairleacha. Mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine le déanaí, tá an oibríocht is mó riamh faoin Sásra Aontais um Chosaint Shíbhialta⁸⁰ á comhordú ag an gCoimisiún, lena n-áirítear freisin cúnamh i réimse chosaint na hoidhreachta cultúrtha, malaí gainimh, ábhar pacála chun déantán chultúrtha a chaomhnú, agus fearais chosanta sócmhainní cultúrtha, mar shampla.

Gníomhaíochtaí atá ar na bacáin

- **Cur leis an inniúlacht foirne saineolaithe a imscaradh i réimse na hoidhreachta cultúrtha agus na cosanta sibhialta:** tá sé beartaithe Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/762/AE ón gCoimisiún maidir le ceanglais cháilíochta nua le haghaidh inniúlachtaí méadaithe an tSásra Aontais um Chosaint Shíbhialta a ghlacadh le haghaidh 2023.
- **Próifíl chosaint na hoidhreachta cultúrtha a mhéadú in oibríochtaí chun freagairt do thubaistí:** leis an tionscadal ProCultHer-Net⁸¹, neartófar inniúlachtaí cosanta oidhreachta cultúrtha na n-údarás cosanta sibhialta san Eoraip trí shaineolaithe ar an gcosaint shíbhialta agus ar an oidhreacht chultúrtha a nascadh ar fud na hEorpa.

4. CONCLÚIDÍ: AN BEALACH CHUN CINN

Tá príomhról ag bearta cultúrtha i gceapadh tosaíochtaí beartais agus gníomhaíochtaí don inbhuanaitheacht, lena n-áirítear i mbeartais agus i gcláir éagsúla de chuid an Aontais. Chun acmhainneacht na mbeart cultúrtha san fhurbairt inbhuanaithe (agus le haghaidh agus mar fhurbairt inbhuanaithe) agus ról earnálacha an chultúr a scaoileadh go hiomlán, áfach, ba cheart aghaidh a thabhairt ar dháileadh scaipthe na mbeart cultúrtha a dhíríonn ar fhurbairt inbhuanaithe thar go leor réimsí beartais éagsúla.

Sa tuarascáil a rinne grúpa MOC ar ghné chultúrtha na forbartha inbhuanaithe, a foilsíodh an 20 Meán Fómhair 2022, cuireadh i dtábhacht gurb é ‘misneach cultúrtha le haghaidh athrú’ an freagra is fearr a d’fhéadfadh le lucht ceaptha beartas a thabhairt le linn na ‘tréimhsí stoirmmeacha’ seo – ina mbíonn

⁷⁸ <https://www.proculther.eu>

⁷⁹ <https://www.proculther.eu/wp-content/uploads/2022/06/PROCULTHER-Methodology.pdf>

⁸⁰ Tá cabhair chomhchineáil curtha ar fáil ag gach ceann de 27 dtír an Aontais, chomh maith leis an Iorua, Türkiye, an Mhacadóin Thuaidh agus an Íosláinn, ó sholáthairtí Leighis go feithicí agus trealamh fuinnimh chomh maith le soláthairtí i réimse chosaint na hoidhreachta cultúrtha. Tá na míreanna á seachadadh chuig údarás na hÚcráine mar oibríochtaí aonair nó comhthiomaisaithe trí mhoil lóistíochta an tSásra Aontais um Chosaint Shíbhialta atá bunaithe sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSlóvaic.

⁸¹ Tá tuilleadh eolais faoin tionscadal ar fáil ar Ardán ar Líne Líonra Eolais an Aontais um Chosaint Shíbhialta <https://civil-protection-knowledge-network.europa.eu/union-civil-protection-mechanism-projects>.

an ghaolmhaireacht idir an dúlra agus an duine i gcónaí faoi bhagairt ag míchothromaíochtaí agus neamhionannas méadaitheacha. Tá deis agus freagrácht ollmhór ag an Aontas Eorpach an próiseas seo a stiúradh chun leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht (tearcúsáidte) an chultúir. Cuireann an tuarascáil seo leis an bpróiseas machnaimh trí fhianaise a chur ar fáil ar an idirghníomhú atá ann cheana féin idir an cultúr agus an fhorbairt inbhuanaithe agus ar an ngá atá lena neartú sa todhchaí.

Mar a luadh sa Dearbhú Deiridh a glacadh ag MONDIACULT 2022, áit ar roinneadh príomhgníomhaíochtaí an Aontais maidir le cultúr agus SDGanna, d'fhéadfadh cur chuige comhcheangailte i leith an chultúir agus na hinbhuanaitheachta agus comhleanúnachas beartais níos fearr idir beartais chultúrtha agus straitéisí forbartha inbhuanaithe a bheith tairbheach do leibhéal éagsúla ceapadh beartas san Eoraip. ‘*Molaimid go ndéanfaí cultúr a bhunú go córasach i mbeartais phoiblí, tri straitéisí agus creatáí forbartha a oiriúnú, ar an leibhéal idirnáisiúnta, réigiúnach, for- réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil, chomh maith le laistigh de bheartais chistí agus chláir ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe, mar chumasóir agus spreagthóir den athléimneacht, den chuimsiú sóisialta agus den fhás eacnamaioch (...)*’ a deir an Dearbhú⁸².

Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach an cur chuige cothrománach i leith na forbartha inbhuanaithe a aistriú chuig rannpháirtíocht ionlán infheicthe le cultúr agus cruthaitheacht mar innill forbartha. Ba cheart go mbeadh iarrachtaí comhchoiteanna chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda amhail maolú rioscaí athraithe aeráide nó spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Chlár 2030 ag brath go mór ar an gcultúr chun iompraíochtaí daonna nua a ghiarail, chun comhionannas inscne a chur chun cinn trí rannpháirtíocht chultúrtha, agus chun rochtain ar dheiseanna cultúrtha a éascú trí bhíthin cleactais nó próisis nuálacha agus ilgheallsealbhóra.

Ba cheart nuálaíocht faoi stiúir an chultúir comhcheangailte le hinfheistíochtaí atá bunaithe ar an inbhuanaitheacht agus freagairtí oiriúnaitheacha ar chlaochluithe ceannródaíocha na sochaí le linn géarchéimeanna a bheith i gcroílár na gcreataí beartais nua chun ceapadh beartais chultúir a athmhachnamh ar bhealaí níos straitéisí, níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí.

D'fhéadfadh cur chuige nua chuncreat straitéiseach an Aontais don chultúr a neartú, mar a mholtar i dTuarascáil an Choimisiúin ar an bPlean Oibre don Chultúr 2019-2022 agus a áirítear mar thionscnamh i bPlean Oibre nua an Aontais don Chultúr 2023-2026, a bheith ar an gcéad chéim sa treo seo. D'fhéadfadh creat straitéiseach nua de chuid an Aontais breis comhleanúnachais agus comhsheasmhachta beartais a chur ar fáil agus a áireamh i measc a phrionsabail uileghabhálacha an tiomantas chun Clár Oibre 2030 a bhaint amach, rud a léireodh na huailmhianta a cuireadh in iúl i nDearbhú le haghaidh Cultúir MONDIACULT 2022, lena n-éiltear beartais phoiblí neartaithe agus comhar idirnáisiúnta sa chultúr.

⁸² https://www.unesco.org/sites/default/files/medias/fichiers/2022/10/6.MONDIACULT_EN_DRAFT%20FINAL%20DECLARATION_FINAL_1.pdf